Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann 2008 / Chabhraigh cúnamh na hÉireann san Aetóip tacaíocht a thabhairt do 13 mhilliún duine i mbaol ocrais ainsealaigh/Bhain níos mó ná 1.5 milliún teaghlach sa Mhaláiv tairbhe as clár leasacháin agus síl d'fheirmeoirí bochta/Chuir tacaíocht ó Chúnamh Éireann ar chumas Rialtas Mhósaimbíc cóireáil fhrith-aisvíreasach a chur ar fáil do 124,200 duine ag fulaingt SEIF agus VEID/Mhéadaigh clárú i mbunscoileanna sa Tansáin ó 57% sa bhliain 2000 go 97% sa bhliain 2007, cúisithe i bpáirt ag tacaíocht na hÉireann/Bhunaigh an tAontas Eorpach áis ghéarchéime bia de €1 bhilliún chun cabhrú le tíortha leochaileacha ar fud an domhain/Mhéadaigh an líon daoine sa tSiombáib ag baint tairbhe as cúnamh daonnúil Chúnamh Éireann ó 23,000 sa bhliain 2005 go níos mó ná 35,000 sa bhliain 2008/Le deich mbliana anuas mhéadaigh an líon leanaí ag freastal ar an mbunscoil i Uganda ó 2 mhilliún go 7 milliún/Thit an líon teaghlach ag maireachtáil ar aon bhéile sa lá sa tSaimbia aon trian/Cláraíodh 400 bean i Leosóta do chosc ar aistriú SEIF ó mháthair go leanbh/Cuireadh 27 ball den Chór Mearfhreagartha ar imscaradh go 14 tír/Chuir Cúnamh Éireann le tacaíocht an NA do níos mó ná 4.6 milliún dídeanaí ón bPalaistín

Irish Aid
Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá 04
An Dúshlán maidir le hOcras Domhanda 06
Athnuachan an chomhraic in aghaidh an ocrais 07
Na háiteanna ina n-oibrímid 09
Éigeandáil agus Téarnamh 35
VEID agus SEIF 37
Ár gcomhpháirtithe 39
Cúnamh Éifeachtach 43
Cúnamh Éireann in Éirinn 47
Iarscríbhinní 53

Bosnia
Serbi
Mont.
Háití
Belize
Iamáice
An Phoblacht
Dhoiminiceach
Hondúras
Nicearagua
Siarra Leon
An Libéir

Is é Cúnamh Éireann clár oifigiúil na hÉireann de chúnamh do thíortha atá ag forbairt. Bunaíodh an clár cúnaimh sa bhliain 1974. Is bunchuid é den Roinn Gnóthaí Eachtracha, arna bhainistiú ag an Rannóg um Chomhar Forbartha, lena cheanncheathrúna i Luimneach. Díríonn an clár cúnaimh ar an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais i roinnt de na tíortha is lú forbairt ar domhan, go háirithe san Afraic fho-Shahárach. Soláthraíonn sé cúnamh do níos mó ná 90 tír ar fud an domhain, lena n-áirítear naoi dtír tosaíochta, a bhfuil gealltanas ann ina leith cúnamh straitéiseach fadtéarmach a sholáthar. Tá tuilleadh sonraí le fáil ar an suíomh gréasáin www.irishaid.gov.ie.

Réamhrá an Aire

Agus an tuarascáil seo ag dul le cur i gcló, tá níos mó ná billiún duine nach bhfuil in ann a gcearta a fáil chun cothaithe bhunúsaigh. Le linn 2008, bualadh 100 milliún duine eile le bochtaineacht agus le hocras, go príomha siocair méadú domhanda i bpraghsanna bia agus tionchar an athraithe aeráide. Tharla seo in ainneoin na dtiomantas láidir ón gcomhphobal domhanda le deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras, mar a léirítear sa chéad Sprioc Forbartha na Mílaoise de chuid na Náisiún Aontaithe. Tá géarchéim ocrais ag tarlú sa domhan faoi láthair agus é ag dul in olcas.

Rinne an Rialtas cinneadh soiléir an comhrac in aghaidh an ocrais a chur ag croílár chlár Chúnamh Éireann. Bhunaigh an Rialtas Tascfhórsa Ocrais sa bhliain 2007 chun an ról faoi leith a d'fhéadfadh a bheith ag Éirinn in iarrachtaí idirnáisiúnta i dtaobh ocras a laghdú a ainmniú. Thuairisc an Tascfhórsa ag na Náisiúin Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2008. I measc na mbunmholtaí tá cúnamh méadaithe d'fheirmeoirí ghabháltais bheaga san Afraic, fócas athnuaite ar chothú máthartha agus naíonán agus an gá go nglacfaidh Éire ról ceannaireachta i ndáil le hocras go hidirnáisiúnta. Tá clár comhair an Rialtais, Cúnamh Éireann, ag leanúint na moltaí seo go gníomhach. An aidhm ná 20% de bhuiséad Chúnamh Éireann a leithdháileadh ar ghníomhartha sonracha le haghaidh laghdú ocrais. Tá muinín againn go mbainfear seo amach, agus go gcothóimid an fócas láidir ar fud gach gné den chlár cúnaimh ar rannpháirtíocht na hÉireann sa chomhrac in aghaidh an ocrais agus na bochtaineachta. Ceapadh Toscaire Speisialta Ocrais chun a chinntiú go gcuirfear bunmholtaí an Tascfhórsa Ocrais i bhfeidhm agus go nglacfaidh Éire le ról gníomhach ceannaireachta go hidirnáisiúnta i gcinntiú go soláthraítear na hacmhainní agus an comhordú atá de dhíth chun dul i ngleic leis an ngéarchéim ocrais. Is eochair-fhorbairt maidir leis sin é cinneadh an G8 le déanaí $20 billiún a leithdháileadh ar thionscnamh forbartha fadtéarmach talmhaíochta agus tuaithe.

Forbróidh ár n-iarrachtaí athnuaite ar an iomaí clár rathúil talmhaíochta, cothaithe agus slite beatha a dtugann Cúnamh Éireann tacaíocht dóibh i dtíortha forbraíochta. Ina measc seo tá an 'clár líontáin sábhála' san Aetóip, atá ag dul i ngleic go díreach le bagairt an ocrais ar níos mó ná 7 milliún duine trí bhia agus íocaíochtaí leasa mar mhalairt ar obair ar thionscadail talmhaíochta agus comhshaoil phobail. Tríd an tionscnamh seo agus go leor tionscadal eile, tá Cúnamh Éireann ag cinntiú gur féidir leis na daoine is boichte ar domhan a mbunchearta daonna a fhíorú, lena n-áirítear ceart chun bheith saor ón ocras, chun rochtain a fháil ar uisce glan agus chun seirbhísí bunúsacha sláinte agus oideachais a fháil.

Is bunchuid de pholasaí eachtrach na hÉireann é clár Chúnamh Éireann agus dhírigh sé go comhsheasmhach ar riachtanais na dtíortha is lú forbairt, go háirithe san Afraic fho-Shahárach. Tá sé bainistithe go dtí na caighdeáin is airde ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Fuair mór-athbhreithniú a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) ar an gclár le bliain anuas gur "curadh" í Éire "maidir le cúnamh a dhéanamh níos éifeachtaí". Thuairisc an t-athbhreithniú chomh maith go bhfuil clár cúnaimh "láidir ceannródaíoch" againn, atá dírithe go dian ar na daoine is boichte ar domhan.

Sna cúinsí eacnamaíocha reatha, tá an-bhrú ar bhuiséid chúnaimh idirnáisiúnta, ag am ag a bhfuil cúnamh de dhíth sna tíortha is boichte. Bhí ar an Rialtas cinntí deacra a dhéanamh maidir leis an mbuiséad cúnaimh le míonna beaga anuas. Tá sé níos riachtanaí anois ná riamh roimhe go ndéanfaí cúnamh a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí agus go ndíreoimid ar eochair-thosaíochtaí. I gcás Chúnamh Éireann, is í an bhuntosaíocht go fóill ná an comhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais dhomhanda.

Cabhraíonn an tuarascáil seo scéal na ndúshlán atá romhainn a insint. Léiríonn sé éifeachtúlacht Chúnamh Éireann i bhfíor-dhul chun cinn a dhéanamh sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais. Táimid tiomanta de go leanfaidh an clár cúnamh ar aghaidh ag cur go substaintiúil thar ceann mhuintir na hÉireann le saol cuid de na daoine agus pobail is boichte ar domhan.

Micheál Martin TD
Aire Gnóthaí Eachtracha

Peter Power TD
Aire Stáit d'Fhorbairt Choigríche

An Dúshlán maidir le hOcras Domhanda

Is é ocras an dúshlán is tromchúisí atá roimh an domhan inniu. Tá Cúnamh Éireann ag comhrac ina aghaidh ar fud a chlár go léir.

Tá géarchéim ocrais roimh an domhan faoi láthair, leis an líon daoine ocracha os cionn billiún anois. Tá raon tosca mar chúis le dianú na faidhbe, lena n-áirítear athrú aeráide, luaineacht praghsanna, infheistíocht neamhleor i dtalmhaíocht agus i bhforbairt tuaithe agus coinbhleacht. Mhéadaigh praghsanna bia 44% ó 2007 go 2008.

Nuair a mhéadaíonn praghsanna bia, gearrann siad siúd atá ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae a gcaiteachas ar shláinte agus ar oideachas, agus díolann siad nó itheann siad a mbeostoc. Fágann siad siúd a mhaireann ar níos lú ná $1 in aghaidh an lae próitéin agus glasraí as a réim bia. Fágann siad siúd a mhaireann ar níos lú ná 50c in aghaidh an lae – níos mó ná 160 milliún duine ar fud an domhain – béilí iomlána amuigh agus corruair ní itheann siad béile ar feadh roinnt laethanta. Seo fírinne dhian scéal an ocrais.

In ainneoin seo go léir, níor thug rialtais náisiúnta ná deontóirí idirnáisiúnta mórán airde ar thalmhaíocht le blianta fada. I lár na 1980í, caitheadh 17% de chúnamh forbartha ar thalmhaíocht. Faoi 2005, bhí seo laghdaithe go 3%.

Is í céad Sprioc Forbartha na Mílaoise ná an céatadán de dhaoine ag fulaingt ocrais a laghdú faoi leath faoin mbliain 2015. Idir 1972 agus 1997 laghdaíodh an líon daoine sa domhan ag fulaingt ocrais ó duine as gach triúr go duine as gach seachtar. Ach siocair fhás ard an daonra agus an athraithe aeráide, maille le méadú géar i bpraghas bia agus ola, tá an céatadán seo tar éis tosú ag ardú arís, go háirithe san Áise Theas agus san Afraic fho-Shahárach.

Go traidisiúnta, dhírigh cuid mhór de chláir chúnaimh na hÉireann ar bhia agus cothú a chinntiú. Tar éis mholtaí an Tascfhórsa Ocrais, tá fócas athnuaite ar ocras mar cheist tosaíochta atá mar bhun ag gach clár eile. Cuireann Cúnamh Éireann béim nach beag ar sholáthar cothaithe agus bia teaghlaigh ar choda ríthábhachtacha de shláinte phoiblí agus den chomhrac in aghaidh VEID agus SEIF. Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht d'idirghabhálacha sláinte poiblí chun easpaí mhicreachothaithe mar shampla Iarann agus Vitimín A a chosc. Is mórspreagthóir na paindéime domhanda VEID é éagothroime i rochtain ar bhia. Díríonn freagairt Chúnamh Éireann do VEID agus SEIF (mar atá sonraithe ar leathanach XYZ) ar na naisc idir VEID, cothú agus soláthar bia. Tá bia agus cothú leordhóthanach mar chodanna bunúsacha i ndáil le baint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise maidir le básmhaireacht máthar agus naíonáin a laghdú.

Siocair éifeachtaí an athraithe aeráide, méadaithe i bpraghsanna bia agus coinbhleacht, mhéadaigh an líon daoine ocracha go dtí os cionn billiún.

I lár na n-ochtóidí, caitheadh níos mó ná 17% de chúnamh forbartha ar thalmhaíocht. Faoi 2005 bhí an figiúr seo laghdaithe go 3%.

An Tascfhórsa Ocrais: Athnuachan am chomhraic in aghaidh an ocrais

An tAire Stáit Peter Power leis an Toscaire Ocrais, Kevin Farrell agus leanaí ó Scoil Náisiúnta Shráid Rutland, Baile Átha Cliath, grianghraf a bhuíochas le Maxwells

D'iarr an Páipéar Bán um Chúnamh Éireann ar Éirinn Tascfhórsa Ocrais a bhunú chun breathnú ar conas is fearr a d'fhéadfadh Éire dul i ngleic le bunchúiseanna an ocrais dhomhanda. Bunaíodh an Tascfhórsa sa bhliain 2007, agus seoladh a thuairisc i Meán Fómhair 2008, ag na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac. (Is féidir é a íoslódáil ó www.irishaid.gov.ie.)

Chreid baill an Tascfhórsa go bhféadfadh Éire, siocair a staire agus a tiomantais i leith na forbartha, ról ríthábhachtach a ghlacadh sa chomhrac domhanda in aghaidh an ocrais. Féachann a dtuairisc leis na heispéiris is rathúla sa chomhrac in aghaidh an ocrais a thiomsú agus fáil amach cén fáth, in ainneoin an méid a baineadh amach, a bhfuil billiún duine go fóill ar ghannchothú. (Tá baill an Tascfhórsa liostáilte in Iarscríbhinn XYZ).

Molann an Tascfhórsa go ndíreofar cúnamh ar thrí réimse tosaíochta:

1. Táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú san Afraic – le fócas faoi leith ar fheirmeoirí ghabháltais bheaga agus ar bhanfheirmeoirí (is de bharr na mban suas le 80% de tháirgiúlacht bia sa mhórchuid de thíortha forbraíochta).
2. Gannchothú máthar agus naíonáin a chosc – is é seo an chúis le 3.5 milliún bás linbh gach bliain, agus cúisíonn sé damáiste dochúlaithe d'fhorbairt fhisiceach agus mheabhrach i leanaí sa todhchaí.
3. Rialachas agus ceannas a threisiú ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a chinntiú go gcuirfear laghdú ocrais agus gannchothaithe i dtosaíocht.

Ba í príomhtheachtaireacht thuairisc an Tascfhórsa ná go bhféadfaí deireadh a chur le hocras dá ngníomhódh tíortha forbraíochta agus tíortha forbartha ar a ngealltanais. D'iarr an Tascfhórsa ar Éirin ceannas idirnáisiúnta a sholáthar, maidir le cáilíocht idirghabhálacha Chúnamh Éireann chun ocras a laghdú, trí ghealltanas a thabhairt 20% de chúnamh forbartha a sholáthar do bhearta chun dul i ngleic le hocras, agus i dtacú go hidirnáisiúnta le fócas athnuaite ar Chéad Sprioc na Mílaoise; is é sin, céatadán na daoine ocracha ar domhan a laghdú faoi leath faoin mbliain 2015.

Ag teacht le moltaí an Tascfhórsa, d'fhógair an Rialtas gur bunchloch dá chlár cúnaimh forbartha é díothú ocrais, agus go mbeadh sé ina bhunchuid dá pholasaí eachtrannach. Ceapadh Kevin Farrell, a d'oibrigh ar an gClár Domhanda Bia roimhe seo, mar Thoscaire Speisialta Ocrais i mí Eanáir chun measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú mholtaí an Tascfhórsa.

D'iarr an Tascfhórsa Ocrais ar Éirinn ceannas a sholáthar sa chomhrac in aghaidh an ocrais.

"Tá tionchar stair na hÉireann agus taithí gorta na hÉireann le mothú síos tríd na glúnta agus bíonn tionchar aige ar ár gcur chuige i gcabhrú leo siúd lena roinnimid ár ndaonnacht sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais." An Taoiseach Brian Cowen TD, Tuairisc an Tascfhórsa Ocrais, 2008

An Taoiseach Brian Cowen TD, Hunger Task Force Report, 2008

Clárthíortha

Tá naoi ‘gclárthír’ ag Éirinn, a bhfuil tiomantais againn ina leith maidir le cúnamh straitéiseach fadtéarmach. Is tíortha iad seo ina n-oibríonn Cúnamh Éireann i gcomhpháirtíocht leis an rialtas tofa chun tacú le laghdú na bochtaineachta agus le forbairt. Ligeann an tosaíocht seo do chúnamh a bheith níos spriocdhírithe, agus mhol an ECFE é, chomh maith le hathbhreithnithe idirnáisiúnta eile. Tá roinnt de na clárthíortha san Afraic, agus tá siad i measc na dtíortha is boichte ar domhan. Is é Vítneam an t-ochtú ceann, ina bhfuil Cúnamh Éireann ag tacú le hiarrachtaí chun laghdú bochtaineachta a chur chun cinn, ag an am céanna le fás eacnamaíochta a éascú. Sa Tíomór Thoir, an naoú clárthír, soláthraítear tacaíocht do struchtúir stáit atá ag teacht chun cinn aníos.

Tacaíonn Cúnamh Éireann chomh maith le raon tionscadal agus eagraíochtaí i níos mó ná 80 tír eile. Tugtar sonraí na dtionscadal agus na n-eagraíochtaí seo sa rannán ina dhiaidh seo.

An Aetóip 10
Leosóta 12
An Mhaláiv 14
Mósaimbíc 16
An Tansáin 18
An Tíomór Thoir 20
Uganda 22
Vítneam 24
An tSaimbia 26



Clárthír

An Aetóip: Cabhraíonn líontáin sábhála leis an gcomhrac in aghaidh an ocrais

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€36 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
169 as 179

Daonra:
79 milliún (measta)

Ina chlár-thír ón mbliain:
1994

Eochair-chlár:
Clár na Líontán Sábhála Táirgiúlachta

Eochair-ghnóthachtáil:
Tacaíocht do 13 mhilliún duine faoi neamhshlándáil ainsealach bia

Tógadh milliún ciliméadar de struchtúir chun creimeadh a shrianadh, agus cuireadh 60 milliún crann sa bhliain 2008.

Cabhraíonn clár forbartha uathúil san Aetóip leis na daoine is leochailí, ag an am céanna ag cosaint an chomhshaoil.

Maireann trí cheathrú de dhaonra na hAetóipe, atá ag fás go tapa, ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae.

Maireann níos mó ná trí cheathrú de dhaonra na hAetóipe, atá ag fás go tapa, ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae agus tá an dul chun cinn mall maidir le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht. Tháinig méaduithe móra, áfach, ar chaiteachas poiblí ar na hearnálacha oideachais, sláinte agus uisce san Aetóip le trí bliana anuas.

Le linn 2008, chabhraigh Cúnamh Éireann tuairim is 13 mhilliún duine san Aetóip a chothú. Chuir easpa báistí agus praghsanna arda bia brú breise ar dhaoine a bhí leochaileach cheana féin agus mhéadaigh an líon daoine a bhí faoi neamhshlándáil bia go suntasach. D'fhreagair Cúnamh Éireann trí chúnamh daonnúil a sholáthar chomh maith le cúnamh trí mhán an Chláir Líontán Sábhála Táirgiúlachta.

Fiú i mblianta le fómhair mhaithe, tá neamhshlándáil ainsealach bia san Aetóip, a bhuaileann níos mó ná seacht milliún duine. Baineann cuid mhór díobh seo tairbhe as an gClár Líontán Sábhála Táirgiúlachta, ar thug Cúnamh Éireann ranníocaíocht de €22 milliún dó sa bhliain 2008. Soláthraíonn an clár airgeadh nó bia (líontán sábhála) do dhaoine bochta mar mhalairt ar a rannpháirtíocht in oibreacha poiblí , rud a théann chun tairbhe na bpobal áitiúil. Téann 80% de na hoibreacha poiblí seo i ngleic le díghrádú talún agus cuireann siad le hathshlánú na timpeallachta. Anuraidh, mar shampla, tógadh milliún ciliméadar de struchtúir chun creimeadh a shrianadh, agus cuireadh 60 milliún crann.

Thug Cúnamh Éireann níos mó ná €5 mhilliún de ranníocaíocht chomh maith do thionscadail dhaonnúla a rinne gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, a sholáthraíonn bia agus uisce géarchéime do shé mhilliún duine sa bhreis a bhí ag brath ar chúnamh daonnúil le linn 2008.

Oibríonn Cúnamh Éireann chomh maith chun tacú le táirgeadh bia i ngabháltais bheaga, agus chun rochtain daoine ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú, maille lena n-eolas ar a gcearta daonna agus a dteidil shóisialta. Baineann an obair seo le dhá phroibhinse; Tigray agus Réigiún na Náisiún Theas, na Náisiúntachtaí agus na Daoine. Is éard atá i gceist le hoibriú le feirmeoirí ná iad a thabhairt le chéile le taighdeoirí chun táirgiúlacht ina bpobail a fheabhsú agus cabhrú le pobail áitiúla chun luach a chur leis na tráchtearraí a tháirgeann siad trí, mar shampla, próiseáil chilli, ar féidir é a dhíol ansin ag corrlach brabúis níos airde.

Chaith Cúnamh Éireann níos mó ná €7 milliún chomh maith le linn 2008, ag tacú le soláthar bunseirbhísí níos fearr in oideachas, i sláinte, agus le haghaidh VEID agus SEIF. Áiríodh leis seo cabhrú le grúpaí na sochaí sibhialta agus le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar a gcearta agus ar a dteidil maidir le seirbhísí, agus feidhm a bhaint astu. Ceangailte leis seo, thug Cúnamh Éireann tacaíocht do roinnt eagraíochtaí áitiúla eile ag obair ar cheisteanna rialachais agus cearta, mar shampla cearta na mban atá ag maireachtáil le VEID agus

Cás-Staidéar na hAetóipe

An tAire Stáit, Peter Power, ag tabhairt cuairt ar an ionad taighde bia, Tigray, grianghraf a bhuíochas le Abate Damte

'Ba chóir d'Éirinn tacú le tionscnaimh a chinnteoidh gur féidir le feirmeoirí ghabháltais bheaga tairbhe a bhaint as an taighde atá á dhéanamh ag comhlachtaí taighde náisiúnta, réigiúnacha agus idimáisiúnta.'
Moladh de chuid an Tascfhórsa Ocrais

SEIF, agus tionscnaimh ar athchóiriú eacnamaíochta agus polasaí.

Chomhoibrigh Cúnamh Éireann le deontóirí eile le linn 2008 ar athstruchtúrú comhchiste deontóra, a thabharfaidh tacaíocht do leathnú na gclár sláinte, oideachais, talmhaíochta, bealaí tuaithe, uisce agus sláinteachais chuig pobail áitiúla ar fud na tíre.

Go minic breathnaítear ar laghdú ocrais mar sheachadadh cúnaimh bhia chun déileáil le riachtanais ghéarchéime agus dhaonnúla. Tá an iarracht seo ríthábhachtach chun beatha a shábháil go gearrthéarmach, ach tá sé riachtanach go soláthraítear pobail leis an tacaíocht atá de dhíth chun go leor bia a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe.

Tá clár comhoibrithe taighde talmhaíochta, idir Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Bangor sa Bhreatain Bheag agus institiúidí taighde san Aetóip, ag cabhrú le feirmeoirí i réigiúin Tigray na hAetóipe a mbarr a mhéadú.

Tá Tigray, ceann de réigiúin is boichte agus is mó dhíchoilltithe san Aetóip, an-tugtha do thriomach. Bhí sé ag croílár an ghorta sa bhliain 1984.

Faoin gclár seo, a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann, ainmníonn taighdeoirí agus feirmeoirí na cineálacha síolta, beostoic agus éan is fearr a mhairfidh i gcúinsí talún agus aimsire Tigray. Mar thoradh ar an taighde, tugadh isteach teicnící feabhsaithe feirmeoireachta chomh maith.

Tá feirmeoirí sa réigiún seo anois ullmhaithe níos fearr chun déileáil le tréimhsí triomaigh. Mar thoradh ar an taighde, is féidir le feirmeoirí mar Ato Kidanu Girmay ó Debrekidan go leor bia a tháirgeadh lena dteaghlaigh a chothú agus ioncam beag a thabhairt dóibh. "Roimhe seo ní raibh aon dóchas ann do thalmhaíocht sa cheantar" a dúirt sé. "Ach anois, siocair Chúnamh Éireann, táimid ag tosú ár gcothaithe féin. Is féidir linn ithe trí huaire sa lá in áit uair amháin."

Siocair Chúnamh Éireann táimid anois ag tosú ár gcothaithe féin.



Clárthír

Leosóta: Oideachas uilíoch bunleibhéil beagnach bainte amach

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€13.2 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
155 as 179

Daonra:
1.9 milliún

Ina chlárthír ón mbliain:
1975

Eochair-chlár:
Oideachas

Eochair-ghnóthachtáil:
Dul chun cinn suntasach i dtreo oideachas uilíoch bunleibhéil a bhaint amach.

Tá comhpháirtíocht leis an Rialtas agus le Fondúireacht Clinton dírithe ar chur i bhfeidhm céimneach chóireáil agus chosc VEID.

D'fhás geilleagar Leosóta 3.9% le linn 2008 agus b'ionann an meánbhoilsciú agus 12.1%. Ba phraghsanna arda ola agus bia ba chúis, den mhórchuid, leis an mboilsciú. Rinneadh fás sa gheilleagar a mhaolú le heaspórtálaithe laghdaithe, go sonrach sa tionscal teicstíle. Chumasaigh tacaíocht Chúnamh Éireann do Leosóta cur i bhfeidhm céimneach chóireáil fhrith-aisvíreasach chuig ceantair thuaithe iargúlta agus méadú ar clárú i mbunscoileanna, i measc gnóthachtálacha eile.

San earnáil sláinte, d'éascaigh Cúnamh Éireann comhpháirtíocht idir rialtas Leosóta agus an Christian Health Association of Lesotho (a fhreastalaíonn ar níos mó ná 40% den daonra). Mar thoradh air seo tugadh isteach córas dearbhaithe cáilíochta, chomh maith le díothú tháillí othair.

San earnáil VEID agus SEIF, d'oibrigh Cúnamh Éireann i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Clinton agus leis an Aireacht Sláinte agus Leasa Shóisialaigh ar chur i bhfeidhm ceimneach chóireáil fhrith-aisvíreasach (CFA) agus ar athchóiriú na hearnála sláinte. Ó thionscnamh an chláir sa bhliain 2006, tá 2,750 duine ag fail CFA i réigiúin sléibhte Leosóta, tá 5,000 duine sa bhreis ag fáil cúraim agus tacaíochta, agus tá 400 máthair cláraithe do chosc tarchur máthair-go-leanbh SEIF. Earcaíodh 150 altra sa bhreis chun an ghéarchéim soláthar foirne san earnáil sláinte tuaithe a mhaolú.

Áiríodh maoiniú do ranganna glactha a chur le 100 bunscoil le tacaíocht na hÉireann don earnáil oideachais, agus mar thoradh air seo tháinig méadú ó 33% go 35% ar chlárú san aoisghrúpa seo. Rinneadh dul chun cinn chomh maith i dtreo comhchiste deontóra a bhunú don earnáil oideachais. Chur na gníomhaíochtaí seo le Leosóta bheith beagnach 80% den bhealach i dtreo Sprioc Forbartha na Mílaoise maidir le hoideachas uilíoch bunleibhéil a chur ar fáil faoi 2015 a bhaint amach.

San earnáil uisce agus sláinteachais, thug Cúnamh Éireann tacaíocht don Roinn Soláthar Uisce Thuaithe i suiteáil chóras nua soláthair uisce a fhreastalaíonn ar 13,000 duine, agus d'fheabhsaigh áiseanna sláinteachais a fhreastalaíonn ar bheagnach 12,000 duine.

Lean Cúnamh Éireann ar aghaidh ag tacú leis an gClár Bainistíochta Airgeadais Phoiblí. Le linn 2008, den chéad uair, d'ullmhaigh gach aireacht Creatpháipéir Bhuiséid chun pleananna earnála a nascadh le buiséad náisiúnta cuimsitheach amháin. Cinnteoidh comhpháirtíocht idir Cúnamh Éireann, Rialtas Leosóta agus Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, dar teideal 'Consolidation of Democracy and Good Governance in Lesotho' tacaíocht don Choimisiún Neamhspleách Toghcháin agus coistí parlaiminte, agus do bhunú choimisiún cearta daonna.

Agus é ag leanúint ar aghaidh ag obair sna hearnálacha seo, le linn 2008 thug Cúnamh Éireann faoi Chlár Straitéise Tíre nua don tréimhse 2008-2012. Cuirfidh an clár nua seo ar chumas Cúnamh Éireann bogadh i dtreo cur chuige níos comhordaithe 'uilerialtais', a dhíríonn ar thorthaí.

Ta Leosóta anois 80% den bhealach i dtreo Sprioc Forbartha na Mílaoise a bhaint amach maidir le hoideachas uilíoch bunleibhéil a chur ar fáil faoi 2015.

Cuireadh isteach córais nua uisce ag freastal ar 13,000 duine le tacaíocht Chúnamh Éireann.

Cás-Staidéar

Leosóta: gníomhú dearfach do theaghlaigh buailte le SEIF



Tá Cúnamh Éireann ag tacú le tionscadal chun táirgeadh bia agus iontógáil cothaithe a threisiú i dteaghlaigh buailte le SEIF.

Leosóta - Makopanang Suthisi, grianghraif a bhuíochas le Daniel Rowan

"Ciallaíonn an t-airgead breise gur féidir liom na leanaí a chur chun na scoile agus gur féidir liom bróga agus éadaí a cheannach dóibh".

Chaill Makopanang Suthisi, atá seachtó hocht bliana d'aois, ó Bobete, Leosóta, beirt dá leanaí lánfhásta siocair galair a bhain le SEIF. Óna mbás, bhí aici a gcúigear dílleachtaí a thógáil, chomh maith le cúram a thabhairt dá fear céile seanaosta.

Tá níos mó ná 2,000 dílleachta (i ndaonra iomlán de 16,000) in Bobete. Bhí ar Makopanang Suthisi, mar an gcéanna le go leor seantuismitheoirí ina pobal, ról tuismitheora, feirmeora agus saothraí a thógáil.

Siocair tionscadail de chuid Catholic Relief Services, a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann, fuair Makopanang Suthisi síol agus leasachán ardchaighdeáin, rud nach mbeadh sí in ann íoc as de ghnáth. Tugadh tacaíocht di chomh maith chun an t-uisciú ar a talamh a fheabhsú, agus anois is féidir léi barra a fhás agus a fhómhar le linn tréimhsí tirime. Mhéadaigh a barra go suntasach, agus anois is féidir léi a teaghlach a chothú agus an bia breise a dhíol chun roinnt ioncaim a ghineadh. Tháinig feabhas nach beag ar leas an teaghlaigh.

"Tá na leamaí ag ithe go maith agus tá siad an-fholláin", a deir sí. "Ciallaíonn an t-airgead breise a shaothraím gur féidir liom iad a chur chun na scoile agus bróga agus éadaí a cheannach dóibh."

Chomh maith le cabhair a thabhairt do theaghlaigh a chaill tuismitheoirí siocair SEIF, oibríonn tionscadal an Catholic Relief Services leo siúd atá ag fáil cóireáil frith-aisvíreasach, ag cabhrú leo a slándáil bia agus a n-iontógáil cothaithe a fheabhsú.

Tá Cúnamh Éireann ag comhoibriú le Fondúireacht Clinton chomh maith chun tacú leis an Aire Sláinte i soláthar seirbhísí sláinte chuig pobail iargúlta in ardchríocha Leosóta. Rinneadh sé chlinic a thógáil nó a athchóiriú tríd an gcomhpháirtíocht go dtí seo agus tabharfar tacaíocht do thrí cinn eile le linn 2009.

Clárthír

An Mhaláiv: Nuálaíocht sa chomhrac in aghaidh an ocrais

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€9.8 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
164 as 179

Daonra:
13 mhilliún

Ina clárthír ón mbliain:
2007

Eochair-chlár:
Feabhsú slándála bia agus cothaithe

Eochair-ghnóthachtáil:
Críochnú rathúil dhaonáireamh na bliana 2008

Chuir na feirmeoirí síos ar thionchar chomhair chun cineálacha nua prátaí agus modhanna feirmeoireachta a thabhairt isteach mar "mhíorúilteach".

Bhain 1.5 milliún teaghlach tairbhe as scéim chun síolta agus leasacháin a fhóirdheonú, ag feabhsú barr agus slándáil bia.

Áirítear le hobair Chúnamh Éireann sa Mhaláiv tacaíocht do chlárú vótálaithe, an daonáireamh agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Tá an Mhaláiv ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan, agus ar cheann de na tíortha is mó faoi líon mór daoine chomh maith, nó tháinig fás de 30% ar an daonra i ndeich mbliana. Tá níos mó ná 50% den daonra ag maireachtáil faoi bhochtaineacht, agus tá 35% ar ghannchothú. In ainneoin fás maith eacnamaíochta le blianta beaga anuas, tá an Mhaláiv go fóill ag brath go mór ar chúnamh eachtrach, le 40% den bhuiséad maoinithe ag deontóirí idirnáisiúnta, mar shampla Cúnamh Éireann.

Agus níos mó ná 80% den daonra ina gcónaí i gceantair thuaithe agus ag brath ar thalmhaíocht mhionscála, tá an Mhaláiv leochaileach go hainsealach ag triomaigh agus tuilte. Chaith Cúnamh Éireann €1.5 milliún le linn 2008 ag tacú le fóirdheontais an rialtais do shíolta agus leasacháin do na feirmeoirí is boichte, mar iarracht chun slándáil bia a fheabhsú. Bhain níos mó ná 1.5 milliún teaghlach tairbhe as an scéim rialtais sin.

Sholáthraigh Cúnamh Éireann €1.5 milliún sa bhreis do Concern Universal chun tacú lena dtionscadail sna réimsí seo a leanas: cumhachtú mná, scéimeanna uiscithe agus VEID agus SEIF. Ba thionscnamh breise a thug an International Potato Centre faoi, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, agus i gcomhar le Concern Universal, ná cineálacha nua prátaí agus teicnící feirmeoireachta a thabhairt isteach d'fheirmeoirí. Fuair siad rochtain margaidh d'fheirmeoirí chomh maith, ar chuideachta áitiúil a tháirgeann criospaí. Chuir na feirmeoirí síos ar an tionchar a bhí ag seo go léir mar "míorúilteach", agus chúisigh sé feabhsuithe suntasacha ar ioncaim i mbliain amháin.

Soláthraíonn clár Chúnamh Éireann sa Mhaláiv tacaíocht ríthábhachtach d'institiúidí polaitiúla agus sibhialta, chomh maith le pobail bhochta. Le linn 2008, sholáthraigh Cúnamh Éireann €2 mhilliún i dtreo an daonáirimh náisiúnta, a sholáthróidh eolas riachtanach do pholasaí treorach. Thug Cúnamh Éireann €1 mhilliún chomh maith chun tacú le hullmhúcháin do thoghchán an uachtaráin agus an toghchán parlaiminte 2009. Is daonlathas an-óg é an Mhaláiv agus is é seo an ceathrú toghchán ó bunaíodh daonlathas ann sa bhliain 1994. Cláraíodh sé mhilliún vótálaí go rathúil, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, rud a chabhraigh le tacaíocht a thabhairt do dhlisteanacht agus do thrédhearcacht na dtoghchán.

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht chomh maith d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le cearta daonna, forbairt agus tacaíocht pholasaithe, agus níos mó freagrachta agus éifeachtúlachta a chur chun cinn in úsáid acmhainní an rialtais, agus ag ceangal cinnteoirí leis na saoránaigh.

Cás-Staidéar
na Maláive: Bí eagraithe

Feirmeoir de chuid NASFAM, Mchingi, grianghraf a bhuíochas le Daniel Rowan

'Roimhe seo, ní raibh suim ar bith ag na bainc ionainn, ach anois éisteann siad linn.'

Sholáthraigh Cúnamh Éireann €150,000 do chomharchumann feirmeoirí na Maláive le linn 2008, ag tacú lena n-obair ag eagrú feirmeoirí agus ag déanamh margála thar a gcinn.

Tháinig Rosemary Kadzitche isteach i gcomharchumann na bhfeirmeoirí agus d'fheabhsaigh a caighdeán maireachtála.

Tá naonúr leaní ag Rosemary Kadzitche, idir 35 agus 18 mbliana d'aois. " Níl aon amhras ann," a deir sí, "ná go raibh saol níos fearr ag na leanaí níos óige ná mar a bhí ag na leanaí níos sine agus iad ag fás aníos.

"Tá níos mó bia again ar ár bplátaí anois, agus níos mó airgid againn le caitheamh ar a n-oideachas. Tá mo leanbh is óige anois ag críochnú sa mheánscoil".

Naoi mbliana ó shin, tháinig Rosemary Kadzitche, feirmeoir i gceantar Mchingi in iarthar na Maláive, isteach sa chlub áitiúil de chomharchumann na bhfeirmeoirí, an National Association of Small Holder Farmers (NASFAM). Ón am sin, tháinig feabhas nach beag ar chaighdeán maireachtála a teaghlaigh.

"Tá feirmeoirí níos fearr as, agus tá níos mó airgid ann. Cheannaigh cuid mhór feirmeoirí díonta stáin nach ligeann an t-uisce isteach."

Ceithre bliana ó shin fuair Rosemary iasacht ón mbanc le hoigheann a cheannach. "Bácálaim arán agus scónaí agus díolaim iad ag an margadh áitiúil. Tá an iasacht aisíoctha agus rinne mé brabús deas as.

Roimhe seo ní raibh suim ar bith ag na bainc ionainn, ach anois éisteann siad linn. Tá a fhios acu gur féidir le baill NASFAM an t-airgead a íoc ar ais."

Ta 100,000 ball ag an gcomharchumann, le níos mó ná 4,000 i gceantar Mchingi. Tugtar tacaíocht theicniúil do bhaill chun cáilíocht agus méid na mbarr a fheabhsú. Ligeann clár oiliúna feirmeoir-le-feirmeoir do bhaill oiliúint a thabhairt dá gcomhfheirmeoirí sna teicnící is fearr do roghnú síolta, ullmhú talún agus fómhar.

Cuidíonn an comharchumann chomh maith le feirmeoirí praghsanna níos fearr a bhaint amach dá dtáirgí agus oibríonn sé chun margaí baile, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a aimsiú don táirge sin. Táirgeann. Rosemary Kadzitche cnónna talún, mar shampla, atá NASFAM ag easpórtáil go dtí cuideachtaí de chuid na Maláive agus na hAfraice Theas agus go dtí an Eoraip mar tháirge Cóir-thrádála. Is féidir táirgí de bhranda NASFAM, mar shampla plúr arbhair Indiaigh agus piseanna talún saillte, a fháil i siopaí ar fud na Maláive. Thug Cúnamh Éireann tacaíocht do NASFAM le €150,000 sa bhliain 2008.

Clárthír

Mósaimbíc: Scéal rathúil atá ag fabhrú

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€46.2 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
175 as 179

Daonra:
20.3 milliún

Ina clárthír ón mbliain:
1996

Eochair-chlár:
Tacú le plean náisiúnta an rialtais i ndáil le bochtaineacht a laghdú

Eochair-ghnóthachtáil:
Laghdú ar chéatadán de dhaoine ag maireachtáil faoi dhearbh-bhochtaineacht ó 69% den daonra sa bhliain 1997 go 50% anois.

Chabhraigh fás comhsheasmhach eacnamaíochta le roinnt mhaith daoine tarraingt amach as bochtaineacht, ach tá cuid mhór oibre fós le déanamh ag Cúnamh Éireann agus rialtas Mhósaimbíc.

Thacaigh Cúnamh Éireann le clár chun tionscail chnó caisiú a athghiniúint, ag cruthú na gcéadta post.

Bhain 14,000 teaghlach tairbhe as cnónna caisiú a dhíol le monarchana a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Féachtar anois ar Mhósaimbíc, tír a d'fhulaing cogadh cathartha millteanach sna 1980í agus 1990í, mar scéal rathúil atógála agus forbartha. D'fhás an geilleagar ag meán bliantúil de 8% le deich mbliana anuas. Thit bochtaineacht ó 69% i 1997 go 50% sa bhliain 2005. Thit básmhaireacht máthar ó 1,100 in aghaidh gach 100,000 sa bhliain 1999 go 408 in aghaidh gach 100,000 anois. Sa bhliain 1992 bhí 2,800 bunscoil ann, le 400,000 leanbh ag freastal ar an scoil. Sa bhliain 2008 bhí níos mó ná 9,000 scoil ann, le cúig mhilliún leanbh ag freastal orthu.

Tá dúshláin nach beag roimh Mhósaimbíc go fóill, áfach. Tá an ráta VEID agus SEIF ar na cinn is airde ar domhan, ag os cionn 16%. Níl ach 3 dhochtúir ann do gach 100,000 duine, agus tá 25% de leanaí ag fulaingt míchothaithe.

Tacaíonn clár Chúnamh Éireann le plean náisiúnta Rialtas Mhósaimbíc maidir le laghdú bochtaineachta, ag díriú go háirithe ar na réimsí a mbeidh an tionchar is mó acu ar an mbochtaineacht: sláinte, oideachas, dea-rialachas, VEID agus SEIF agus talmhaíocht. Ina theannta sin soláthraíonn Cúnamh Éireann tacaíocht dhíreach do dhá cheann de na proibhinsí is boichte i Mósaimbíc: Niassa agus Inhambane.

Sa bhliain 2008, ba cheist faoi leith é ganntanas bia, mar go raibh tionchar suntasach ag praghsanna breosla agus bia, a bhí ag méadú leo, i Mósaimbíc, agus mar thoradh air seo thug Rialtas Mhósaimbíc isteach Plean Gníomhartha um Tháirgeadh Bia. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo, a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann, an t-easnamh a laghdú i ngach mórbharr bia thar na trí bliana atá romhainn agus an spleáchas ar iompórtálacha a laghdú.

Comhlánaíonn seo obair Chúnamh Éireann san earnáil talmhaíochta. Is í an talmhaíocht slí bheatha 80% den daonra agus tá Cúnamh Éireann ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh na daoine seo tairbhe chomh maith as fás eacnamaíochta Mhósaimbíc. Áirítear leis seo tacaíocht do scéimeanna uiscithe, a mhéadóidh táirgiúlacht na mbarr, agus seirbhísí leathnaithe talmhaíochta a chuireann modhanna inbhuanaithe feirmeoireachta chun cinn. Sa bhliain 2008 bhain 354,000 feirmeoir tairbhe as an tseirbhís seo, suas ó 285,000 sa bhliain 2007.

Tacaíonn Cúnamh Éireann chomh maith le clár forbartha na hearnála príobháidí san earnáil talmhaíochta. Mar thoradh ar thacaíocht Chúnamh Éireann, cruthaíodh na céadta post i dtionscail na gcnónna caisiú amháin. Is mná iad tuairim is 50% de na hoibrithe. Meastar go raibh 14,000 teaghlach feirmeoireachta in ann tairbhe a bhaint as seo trí dhíolachán chnónna caisiú leis na monarchana nua-oscailte seo.

Cás-staidéar
Mhósaimbíc

Adriano Mateus ag cur cineálacha éagsúla barr i láthair i bplandlann ardaithe ag ceapach Chicane Farmers Association, grianghraf a bhuíochas le Richard More O'Ferrall

Tháinig na feirmeoirí áitiúla in Chicane i gceantar Inhambane le chéile den chéad uair chun cumann na bhfeirmeoirí áitiúla a bhunú sa bhliain 1999, chun é a dhéanamh níos éasca dóibh féin tacaíocht a fháil ó na húdaráis áitiúla. Cuimsíonn an cumann anois 32 teaghlach feirmeoireachta (sé sin 160 tairbhí san iomlán), agus tá a cheapach féin ag gach teaghlach díobh seo. Oibríonn na feirmeoirí le chéile agus roinneann siad a gcuid scileanna, ach tá a gceapach féin ag gach duine ar leithligh. Le déanaí, bhain an cumann tairbhe as cineálacha feabhsaithe barr agus cúnamh teicniúil ó údaráis na proibhinse.

Fuair an cumann córas uiscithe le déanaí chomh maith, faoi scéim rialtais na proibhinse a fuair tacaíocht ó Chúnamh Éireann. Úsáideann an córas uisce ó fhoinse áitiúil agus is féidir le feirmeoirí ansin a dtailte a uisciú ag baint úsáide as córas píobán. Roimhe seo bhí ar na feirmeoirí uisce a iompar i mbuicéid ón bhfoinse uisce, ach anois tá níos mó ama acu le caitheamh ar fheirmeoireacht. D'fheabhsaigh an scéim a dtáirgeacht chomh maith, ag tabhairt trí fhómhar in aghaidh na bliana, in áit dhá cheann mar a bhí roimhe seo.

Bhí na feirmeoirí in ann bogadh ó fheirmeoireacht mharthana go saothrú barra margaidh agus anois táirgeann siad raon torthaí agus glasraí (trátaí, piobair, prátaí, cóiliseacha, cabáiste, oinniúin, puimcín imchnó, puimcín, agus tuilleadh). Is barra ardluacha iad seo, atá siad in ann a dhíol le ceannaithe a bhíonn ag trádáil ag an margadh áitiúil agus leis an tionscal turasóireachta.

De réir Adriano Mateus, ceannaire an chumainn, "d'athraigh seo ár saol. Leanann ár n-ioncaim leis ag méadú gach bliain. Sa bhliain 2006, shaothraigh mé 70,000 meticais (€1,900) agus sa bhliain 2007 shaothraigh mé 100,000 meticais (€2,600)". Siocair go bhfuil níos mó cineálacha barr ar fáil, arsa Adriano, tháinig feabhas mór ar chothú a theaghlaigh.

"Táimid ag féachaint chun tosaigh anois. Ba mhaith linn leanúint ar aghaidh ag fás. Ba mhaith linn rís a tháirgeadh sa chéad séasúr eile ach ar dtús caithfimid foghlaim conas ár dtalamh a oiriúnú chun gur féidir sin a dhéanamh."

Clárthír

An Tansáin: Gníomhú comhordaithe le haghaidh forbartha

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€40 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
152 as179

Daonra:
41.1 milliún

Ina cláthír ón mbliain:
1975

Eochair-chlár:
Sláinte; Talmhaíocht; Rialtas Áitiúil

Eochair-ghnóthachtálacha:
Bhí an Tansáin 104% leordhóthanach ó thaobh bia de sa bhliain 2008

D'fheabhsaigh an Tansáin a rangú ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe.

Tháinig laghdú de bheagnach 40% ar bhásanna linbh le deich mbliana anuas, le cabhair ó Chúnamh Éireann nuair a dhúbail sé a thacaíocht don earnáil sláinte.

Tá dul chun cinn á dhéanamh sa Tansáin i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Rinne an Tansáin dul chun cinn maidir le chomhrac in aghaidh na bochtaineachta le blianta beaga anuas, agus tá dul chun cinn á dhéanamh chomh maith aige i dtreo bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Tá 97% de leanaí cláraithe ar an mbunscoil. D'ardaigh ionchas saoil seacht mbliana ó bhí 1978 ann. Thit básmhaireacht naíonáin de bheagnach leath le deich mbliana anuas. Rinneadh dul chun cinn chomh maith i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise maidir le comhionannas inscne i mbunscoileanna.

Baineadh seo amach le tacaíocht na hÉireann agus deontóirí eile, a comhordaíodh go cúramach. Tá Éire gníomhach i bhfeadhnacht de dheontóirí a oibríonn leis an rialtas chun seirbhísí sláinte a fheabhsú. Mhéadaigh an caiteachas ar shláinte faoi chúig idir 2000 agus 2008, ag léiriú chomhthosaíocht an rialtais agus an phobail de dheontóirí, agus mar thoradh air seo rinneadh dul chun cinn i sláinte leanaí agus i laghdú leitheadúlachta VEID, maláire agus eitinne.

Maidir le rialachas, tugann Cúnamh Éireann tacaíocht do chlár athchóirithe rialtais áitiúil na Tansáine. Tá sé mar aidhm aige seo uathriail agus acmhainní airgeadais a aistriú ón rialtas lárnach go húdaráis áitiúla, agus soláthraíonn sé maoiniú do scoileanna, ionaid sláinte, margaí agus bóithre, de réir na riachtanaas áitiúil. Sa bhliain 2008, bhí Cúnamh Éireann siocrach in aibhsiú na bhfadhbanna a bhí roimh na húdaráis áitiúla a bhí níos boichte agus níos iargúlta, nach raibh ag mealladh ball foirne chun seirbhísí a reáchtáil, agus mar thoradh air seo tá polasaithe nua á bhforbairt chun aghaidh a thabhairt air seo.

Is bunchuid eile d'earnáil talmhaíochta na Tansáine é tréadaithe, agus soláthraíonn siad beagnach feoil uile na Tansáine. Corruair tarlaíonn coinbhleachtaí idir tréadaithe agus feirmeoirí socraithe. Tá clár de chuid Chúnamh Éireann ag maoiniú eagraíochtaí na sochaí sibhialta le hoibriú leis na tréadaithe agus na feirmeoirí chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar a leithéid de choinbhleachtaí agus de dhifríochtaí de réir mar a thagann siad aníos. D'imir an clár tionchar ar an rialtas maidir le ceisteanna forbartha tréadaithe a chur san áireamh lena pholasaí nua náisiúnta um bheostoic.

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht chomh maith do roinnt eagraíochtaí na sochaí sibhialta, mar shampla Women in Law agus Development in Africa, atá ag reáchtáil feachtas náisiúnta chun deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban sa Tansáin. Trí Chiste na Meán sa Tansáin, tá Éire ag cabhrú le caighdeáin iriseoireachta a fheabhsú.

In ainneoin dhul chun cinn na Tansáine, tá dúshláin mhóra ann go

Cás-Staidéar

An Tansáin: Na buntáistí a bhaineann le taighde

Mhéadaigh táirgeacht ar fheirm Charles Neto faoi thrí siocair cineálacha nua barr.

Charles Neto ag déanamh feirmeoireachta ar thriail-bharra ag Ionad Taighde IlongaPhoto: Pieternella Pieterse.

"Chuidigh an t-ioncam breise costais teaghlaigh, costais leighis agus táillí meánscoile do mo bheirt leanaí is sine a chlúdach."

Siocair úsáid riar feabhsaithe, dúblaíodh táirgeacht bhliantúil arbhair Indiaigh, ríse agus pónairí i roinnt ceantar sa Tansáin.

fóill. Thaispeáin an Suirbhé ar Bhuiséid Teaghlaigh le déanaí gur tháinig méadú ar an líon daoine faoi bhochtaineacht, in ainneoin gur thit an céatadán de dhaoine ag maireachtáil faoi phointe na bochtaineachta, siocair i bpáirt gur fhás an daonra go mór. Tá an tír leordhóthanach ó thaobh bia de, áfach, ag táirgeadh 104% dá riachtanais le linn 2008. Tá an bunús ann do thuilleadh dul chun cinn sa chomhrac in aghaidh an ocrais.

Ó d'athraigh Charles Neto go cineál feabhsaithe arbhair Indiaigh, mhéadaigh táirgeacht ar a fheirm i sráidbhaile Ngambana ó 5-10 mála in aghaidh an tséasúir go níos mó ná 25 mála in aghaidh an tséasúir.

Tá an cineál nua arbhair Indiaiagh ar cheann de na cineálacha feabhsaithe barr atá á dtriail ag Ionad Taigde Ilonga, a fhaigheann maoiniú ó Chlár Forbartha Náisiúnta na hEarnála Talmhaíochta sa Tansáin, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Tá ochtar leanaí ag Charles Neto. Ídíonn an teaghlach tuairim is 15 mhála d'arbhar Indiach sa bhliain. Roimhe seo, b'fheirmeoir marthana é, agus bhí aige tuilleadh arbhair Indiaigh a cheannach sa mhargadh. Anois tairgeann sé farasbarr, agus is féidir leis é a dhíol.

"Chuidigh an t-ioncam breise costais teaghlaigh a chlúdach, chomh maith le costais leighis agus táillí meánscoile do mo bheirt leanaí is sine," a deir sé. "D'úsáideamar an t-ioncam chomh maith chun tosú ag pórú muc."

Ní bhaineann na buntáistí ón arbhar Indiach feabhsaithe leis na feirmeoirí atá ag glacadh páirte sa triail amháin, áfach. Fásann Charles Neto roinnt arbhair Indiaigh le haghaidh síolta, a dhéanann sé a thrádáil ansin nó a thugann sé ar shiúl d'fheirmeoirí eile sa cheantar, ag cabhrú le táirgeacht a fheabhsú go ginearálta.

TALMHAÍOCHT SA TANSÁIN

TÁ NÍOS MÓ NÁ 80% DE MHUINTIR NA TANSÁINE, MNÁ DEN MHÓRCHUID, GAFA LE FEIRMEOIREACHT.

NÍL ACH 3% D'FHEIRMEOIREACHT MEICNITHE.

NÍL ÚSÁIDEANN ACH 15% D'FHEIRMEOIRÍ LEASACHÁN.

NÍL ACH CEATHRÚ DE THALAMH ARÚIL FÉIDEARTHA NA TANSÁINE SAOTHRAITHE.

SIOCAIR ÚSÁID RIAR FEABHSAITHE, DÚBLAÍODH TÁIRGEACHT ARBHAIR INDIAIGH, RÍSE AGUS PÓNAIRÍ I ROINNT CEANTAR SA TANSÁIN.



Clárthír

An Tíomóir Thoir: Ag tógáil an stáit nua

Chaith Cúnamh Éireann €4.9 milliún le linn 2008 ar chláir chun bochtaineacht a laghdú, seachadadh seirbhíse a threisiú agus chun acmhainn na hearnála poiblí a thógáil

Sholáthraigh Cúnamh Éireann €400,000 do chlár de chuid na Náisiún Aontaithe chun an earnáil dlí agus cirt a threisiú

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€5 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
158 as179

Daonra:
1.1 milliún

Ina Chlárthír ón mbliain:
2003

Eochair-Chlár:
Tacaíocht don Chlár Pleanála agus Tógála Acmhainne um Bainistiú Airgeadais, chun acmhainn a mhéadú sa tseirbhís phoiblí

Eochair-ghnóthachtálacha:
Tugadh tacaíocht do ghnóthachtálacha na hInstitiúide Náisiúnta um Chearta Daonna do chur chun cinn agus cosaint chearta daonna sa Tíomór Thoir.

Tá Éire ag cabhrú leis an Tíomóir Thoir sa phróiseas deacair a bhaineann le stáit feidhmeach a bhunú.w

Bhain an Tíomór Thoir neamhspleáchas amach go foirmiúil sa bhliain 2002, tar éis 24 bliain d'fhoréigean agus de lonnaíocht na hIndinéise, agus trí bliana de riarachán ag na Náisiúin Aontaithe. Ó shin, bhí an tír ag streachailt le hinstitiúidí feidhmeacha a bhunú. Le géarchéim athnuaite sa bhliain 2006 bhí na mílte duine díláithrithe. Bhí briseadh amach foréigin ann roimh na toghcháin uachtaránachta le linn 2007 agus gortaíodh an t-uachtarán nua, José Ramos Horta, le linn iarrachta ar fheallmharú go luath sa bhliain 2008.

Chaith Cúnamh Éireann €4.98 milliún le linn 2008 ar chláir chun bochtaineacht a laghdú, seachadadh seirbhísí a threisiú agus chun tógáil ar acmhainn na hearnála poiblí. Ar feadh a oibre d'fhéach Cúnamh Éireann le 'tosaíochtaí leathana' rialachais mhaith agus chomhionannais inscne a chur chun cinn.

Ba phríomhghníomhaíocht Chúnamh Éireann é tacaíocht a thabhairt don Chlár Pleanála agus Tógála Acmhainne um Bainistiú Airgeadais, chun acmhainn a thógáil sa tseirbhís phoiblí.

Mar fhreagairt ar laige na hearnála dlí agus cirt sa Tíomór Thoir, a nochtadh le linn ghéarchéim na bliana 2006, sholáthraigh Cúnamh Éireann €400,000 do chlár de chuid na Náisiún Aontaithe chun an earnáil seo a threisiú. Trí áis dheontais bheaga, thug Cúnamh Éireann €900,000 do thionscadail forbartha a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do struchtúir rialtais áitiúla. Chun tacú le cosaint chearta daonna, thug Cúnamh Éireann €280,000 d'Oifig an Ombudsman do Chearta Daonna agus Dlí agus Ceartais, agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Ghlac Éire ról ceannasach i gcur chun cinn chomhionannas inscne sa Tíomór Thoir agus sholáthraigh sí maoiniú de €500,000 d'Oifig an Rúnaí Stáit le haghaidh Chur Chun Cinn an Chomhionannais, Ciste Forbartha na Náisiún Aontaithe do Mhná agus eagraíochtaí neamhrialtasacha bainteacha.

Chomh maith le hoibriú leis an rialtas, thug Cúnamh Éireann tacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag soláthar níos mó ná €300,000 don bhrateagraíocht neamhrialtasach FONGTI agus d'eagraíocht roghnaithe ag oibriú i réiteach coinbhleachta.

Cás-Staidéar
Tíomór Thoir: Maireachtáil Neamhspleách

Tugann Moris Rasik Microfinance Agency iasachtaí do mhná bochta, agus tá siad an-rathúil.

An tUasal Funar agus a bhean chéile ag filleadh ón margadh le glasraí, grianghraf a bhuíochas le hAmbasáid na hÉireann, Tiomór Thoir

Ciallaíonn a ainm, go hoiriúnach, "saol neamhspleách". Is institiúid micrea-airgeadais é Moris Rasik sa Tíomór Thoir. Ó bhí 1999 ann, tá sé a tabhairt áiseanna creidmheasa agus coigiltis do mhná bochta tuaithe.

Faigheann mná iasachtaí chun gnóthais bheaga a bhunú, mar shampla ag trádáil i mba, cnónna beitil, éisc agus táirgí éisc, agus bia-ábhair eile. Cúig bliana ó shin bhí brainse amháin ag Moris Rasik, ag freastal ar 200 cliant. Anois tá aon bhrainse dhéag ann, ag freastal ar níos mó ná 11,000 cliant, in ocht gceantar. Tá rátaí aisíocaíochta ag 90% agus dhúbail coigiltis chliaint gach bliain. Seasann na cliaint seo do thuairim is 20% de na tithe bochta go léir sna ceantair seo. San iomlán, déanann Moris Rasik teagmháil le níos mó ná deichiú cuid de na tithe is boichte sa Tiomór Thoir.

Den mhórchuid, is mná de chuid an Tíomóir Thoir a reáchtálann Moris Rasik. Chabhraigh sé le hioncaim agus leasa a chliant-teaghlach a mhéadú, agus d'fheabhsaigh sé seasamh eacnamaíochta agus stádas na mban, ag cur ar a gcumas airgeadas a dteaghlach a fheabhsú agus pleanáil do chaiteachais thábhachtacha, mar shampla oideachas.

De bhuíochas thacaíocht Chúnamh Éireann go páirteach, is é Moris Rasik an institiúid micrea-airgeadais is mó agus is rathúla sa Tiomór Thoir, agus anois tarraingíonn sé maoiniú ó institiúidí airgeadais seanbhunaithe mar shampla banc Grameen, chomh maith le trí bhanc tráchtála eile. Tá tionchar tábhachtach aige ar gheilleagar an Tíomóir Thoir, agus tá sé siocrach ina fhorbairt.

D'fheabhsaigh Moris Rasik Microfinance Agency seasamh eacnamaíochta agus stádas na mban.

Clárthír

Uganda: Ag cur oideachais ar fáil le haghaidh todhchaí níos fearr

Buiséad chlár Cúnamh Éireann:
€41.8 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
156 as179

Daonra:
31 milliún

Ina Chlárthír ón mbliain:
1994

Eochair-chlár:
Oideachas, Rialachas, VEID agus SEIF

Eochair-ghnóthachtáil:
130,000 múinteoir a oiliúint mar chuid d'fheidhmiú céimneach churaclaim nua bunscoile

Beidh Uganda ar cheann den bheagán de thíortha fo-Shaháracha le hoideachas uilíoch bunleibhéil a bhaint amach faoi 2015. Ach is iomaí dúshlán eile atá ann.

Ó thug an rialtas isteach oideachas uilíoch bunleibhéil deich mbliana ó shin, mhéadaigh an líon leanaí ar an mbunscoil ó dhá mhilliún go seacht milliún.

Maireann 20% de dhaonra Uganda faoi bhochtaineacht ainsealach.

In ainneoin an mhórardaithe i bpraghsanna idirnáisiúnta bia agus breosla le linn 2008, d'fhan fás eacnamaíochta Uganda láidir ag 8.9% sa bhliain 2008. Rinneadh dul chun cinn in oideachas chomh maith, agus beidh Uganda ar cheann den bheagán de thíortha san Afraic fho-Shaháracha a chomhlíonfaidh Sprioc Forbartha na Mílaoise maidir le rochtain ar Oideachas Uilíoch Bunleibhéil faoi 2015. Idir an dá linn, tar éis blianta fada de choinbhleacht, tá an saol ag éirí normálta arís i dtuaisceart Uganda, ina bhfuil 80% den 1.7 milliún Duine Díláithrithe go hInmheánach ar ais ina dtithe arís. In ainneoin an dul chun cinn seo, meastar go bhfuil 20% de mhuintir Uganda gafa sa bhochtaineacht ainsealach, go háirithe sa tuaisceart agus in Karamoja.

Díríonn Cúnamh Éireann ar aghaidh a thabhairt ar Uganda ar roinnt bhealaí. Soláthraíodh €10 milliún don Chiste Gníomhartha in aghaidh na Bochtaineachta, ciste imfhálaithe le haghaidh infheistíochta in eochair-earnálacha sóisialta, mar shampla talmhaíocht, sláinte agus uisce, ag leibhéal dúiche. Lean Éire ar aghaidh ag soláthar tacaíocht le linn 2008 don rialtas agus do shochaí shibhialta ag leibhéil náisiúnta agus díláraithe i dtacú leis an bPlean Straitéiseach Náisiúnta VEID agus SEIF. I measc na n-eochair-pháirtithe tá Coimisiún SEIF Uganda, Aireacht an Údaráis Áitiúil, gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus na sochaí sibhialta. Soláthraíodh deontais de níos mó ná €10 milliún san iomlán do 120 eagraíocht sochaí sibhialta.

Tacaíonn Éire chomh maith leis an Earnáil Cirt, Dlí agus Oird i Uganda, a bhí siocrach le linn 2008 i bhfeabhsú póilíneacht shibhialta agus seirbhísí eile i réimsí ag bisiú ón gcoinbhleacht. Mar thoradh air seo, tá feabhas mór tagtha ar an gcóimheas póilíní-le-daonra, agus tá rátaí coire ag titim. Sa bhliain 2008 fuair níos mó ná 10,000 duine cúnamh dlí trí chlár a bhí páirtmhaoinithe ag Cúnamh Éireann. Is ceist thromchúiseach go fóill i Uganda é Foréigean Inscne-Bhunaithe. Tá Cúnamh Éireann ag tacú le roinnt tionscnamh sa réimse seo, mar shampla dréachtú reachtaíochta maidir le foréigean teaghlaigh agus iarrachtaí pobail chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

Is príomhthosaíocht é oideachas go fóill do Chúnamh Éireann i Uganda. Ó thug Rialtas Uganda Oideachas Uilíoch Bunleibhéil isteach 10 mbliana ó shin, mhéadaigh an líon leanaí ar an mbunscoil ó dhá mhilliún go seacht milliún. Is é an eochair-dhúshlán anois ná cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus a cinntiú go gcoinnítear daltaí sa chóras. Tá Cúnamh Éireann ag tabhairt tacaíochta do chláir in oideachas múinteoirí, forbairt curaclaim agus tionscnaimh eile. Tacaíonn Éire le hoideachas dara-leibhéal in Karamoja, ceann de na réigiúin is díothaí i Uganda, ina bhfuil rátaí neamhlitearthachta ag beagnach 90% (féach an cás-staidéar).

Cás-Staidéar
Uganda, Karamoja

Fuair mic léinn dara leibhéal in Karamoja sparánachtaí ó Chúnamh Éireann. Tá naonúr as gach deichniúr sa réigiún neamhliteartha. Grianghraf a bhuíochas le hAmbasáid na hÉireann, Uganda.

Tá leibhéil bochtaineachta in Karamoja níos mó ná dhá uair an meán náisiúnta. Níl rochtain ag seachtar as gach deichniúr ar uisce sábháilte óil. Faigheann 750 máthair bás le linn breith linbh in aghaidh gach 100,000 breith. Tá naonúr as gach deichniúr neamhliteartha. Mar thoradh air seo, tá sláine bia sa réigiún an-neamhbhuan, le mórchuid an daonra ag brath ar chúnamh bia a sholáthraíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta agus áitiúla.

Aithnítear gurb é oideachas an príomh-mhodh ina féidir le pobail atá imeallaithe go heacnamaíoch agus go sóisialta iad féin a thógáil amach as bochtaineacht agus slite beatha inbhuanaithe a chruthú. In Karamoja inniu, ní fhreastalaíonn ach 43% de leanaí ar an mbunscoil, agus 5% ar an meánscoil. Mar iarracht chun rochtain ar oideachas dara leibhéal a chur chun cinn, thug Rialtas Uganda isteach oideachas dara leibhéal saor in aisce isteach le linn 2007. In Karamoja, áfach, bhí an chuid is mó de na scoileanna agus coláistí ag titim as a chéile, bhí ábhair teagaisc neamhimleor agus ní raibh go leor múinteoirí ann. I dteannta sin, chiallaigh na leibhéil bochtaineachta go raibh na leanaí is leochailí fágtha ar lár as an gcóras go fóill.

Mar fhreagairt ar an staid seo, tá Cúnamh Éireann ag infheistiú níos mó ná €13 mhilliún i mórchlár oideachais dara leibhéal i réigiún Karamoja. Tá foirgníocht agus athshlánú áiseanna ar siúl go leanúnach i 11 scoil dara leibhéal agus dhá choláiste oiliúna múinteoirí. Soláthraíodh ábhair teagaisc, troscán agus trealamh do na scoileanna agus coláistí. Ina theannta sin, tá clár sparánachta a dhíríonn ar leanaí easpacha, go háirithe cailíní. Faoi láthair, tá 700 mac léinn cláraithe i scoileanna bunleibhéil sa réigiún trí thacaíocht Chúnamh Éireann. Tháinig méadú ar chlárúcháin i scoileanna bunleibhéil agus dara leibhéal in Karamoja le blianta beaga anuas. Tá fíormhothú dóchais ann go gcuirfidh feabhsuithe in oideachas go mór le forbairt inbhuanaithe agus le díothú ocrais sa réigiún.



Clárthír

Vítneam: Ag cabhrú le mionlaigh agus grúpaí leochaileacha eile

Buiséad chlár Chúnamh Éireann:
€21.7 milliún

Daonra:
85.2 milliún

Innéacs Forbartha Daonna:
114 as 179 tír

Ina Chlárthír ón mbliain:
2005

Eochair-chlár:
Clár do Mhionlaigh

Eochair-ghnóthachtáil:
Tacaíocht shubstaintiúil do mhionlaigh eitneacha bochta.

Tá institiúidí Éireannacha ag roinnt a n-eispéireas maidir le forbairt na hearnála príobháidí agus poiblí le Vítneam

Maireann 12 mhilliún Vítneamach go fóill faoi phointe na bochtaineachta

Tá Sprioc Forbartha na Mílaoise bainte amach ag Vítneam cheana maidir leis an líon daoine ag maireachtáil faoi bhochtaineacht a laghdú faoi leath. Is féidir spriocanna eile, mar shampla oideachas uilíoch bunleibhéil, a bhaint amach faoi 2015. Ach tá 12 mhilliún Vítneamach go fóill ag maireachtáil faoi phointe na bochtaineachta.

Tá sé mar aidhm ag Cúnamh Éireann tacú le laghdú bochtaineachta i Vítneam, ag an am céanna ag cabhrú le Vítneam a earnáil dhinimiciúil phríobháideach a fhorbairt agus a threisiú. Sa bhliain 2008, bhí tacaíocht Chúnamh Éireann do Vítneam (lena n-áirítear tacaíocht do thionscadail sa Chambóid agus i Laos) ag €21.7 milliún.

Is príomhfhócas thacaíocht Chúnamh Éireann ná an Clár do Mhionlaigh. Dearadh an clár seo chun déileáil le riachtanais ghrúpaí eitneacha leochaileacha i Vítneam. Tá sé mar aidhm aige ocras a dhíothú ina limistéir shonraithe faoi 2010, agus an céatadán de theaghlaigh bhochta a laghdú go níos lú ná 30% le linn na tréimhse céanna.

Is eochairchláir eile iad an clár Creidmheasa Tacaíochta um Laghdú Bochtaineachta, a sholáthraíonn tacaíocht do na heilimintí ar son na bochtaineachta de Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais agus Áis Forbartha na hEarnála Príobháidí Mekong, a sholáthraíonn cúnamh teicniúil agus comhairle do chuideachtaí beaga agus meánmhéide, an príomhinneal cruthaithe post sa réigiún. Thug Cúnamh Éireann ranníocaíocht de €16.5 milliún san iomlán do na trí chlár seo sa bhliain 2008.

Cé go bhfuil príomhfhócas obair Chúnamh Éireann sa réigiún ar Vítneam, bhí tacaíocht leanúnach ann don Chambóid agus do Laos le haghaidh cláir dhé-mhianaithe agus réiteach mhuinisin agus freisin trí Áis Forbartha na hEarnála Príobháidí Mekong.

Cabhraíonn cúnamh na hÉireann go Vítneam leis na daoine is boichte i dtír bhocht, ag an am céanna ag forbairt an gheilleagair.

Cás-Staidéar

Vítneam: ‘Níl aon rud le díol agam ná aon rud le ceannach.’

Tá sé mar aidhm ag an gclár Vietnam Voice cabhrú leis na daoine is boichte rochtain a fháil ar mhargaí áitiúla agus éirí as an mbochtaineacht.

Fómhar Bananaí i Vítneam, Creidiúint Panos

Tá an ráta bochtaineachta sa phroibhinse ag 42%, beagnach trí huaire níos airde ná ráta bochtaineachta náisiúnta Vítneam. Níl ach 5% den talamh insaothraithe.

“Ní raibh mé riamh sa bhaile mhór mar nach bhfuil aon ghnó agam ann,” a dúirt Trieu Dinh Dong, 32 bliain d’aois. “Níl aon rud le díol agam ná aon rud le ceannach.”

Thug Trieu Dinh Dong cuairt ar an mbaile mór den chéad uair i mí Eanáir 2009, nuair a thug sé a bhean chéile, Ly Thi Lieu, go dtí an gclinic sláinte dúiche i Cho Moi, i gCúige Bac Kan. Déanann an lánúin agus a mbeirt leanaí feirmeoireacht ar rís, ach tá a dtalamh chomh holc nach dtáirgeann siad ach barr amháin sa bhliain. Tá easnamh bia acu ar feadh trí go ceithre mhí gach bliain. Níor dhíol Trieu Dinh Dong a tháirge riamh chun ioncam breise a shaothrú. Níl a fhios aige conas a oibríonn an margadh.

Is ceann de na réigiúin is boichte i Vítneam é a bproibhinse, agus cónaíonn mionlaigh eitneacha ann den mhórchuid. Is ó ghrúpa eitneach Dao é Trieu Dinh Dong agus a theaghlach. Tá an ráta bochtaineachta sa phroibhinse ag 42%, beagnach trí huaire níos airde ná ráta bochtaineachta náisiúnta Vítneam. Níl ach 5% den talamh insaothraithe. Tá ganntanais uisce coitianta.

Is do theaghlaigh mar theaghlach Trieu Dinh Dong a bunaíodh Clár Úinéireachta Sráidbhaile agus Infheistíocht do Chumhachtú Pobail (Voice). Tá Voice á fhorfheidhmiú i bproibhinse Bac Kan amháin, ag díriú ar bhreisoiliúint agus ar chumhachtú do dhaoine mar Trieu Dinh Dong, sa dóigh is go n-uasmhéadaíonn siad acmhainn a ngabháltas beag agus rochtain a fháil ar mhargaí.

Thug Cúnamh Éireann ranníocaíocht de €750,000 don chlár Voice le linn 2008 agus tabharfaidh sé ranníocaíocht iomlán de bheagnach €3 mhilliún thar thréimhse an chláir, a reáchtálann ó 2008 go 2010.

IS BUNCHUID D’OBAIR CÚNAMH ÉIREANN LE RIALTAS VÍTNEAM É AN CLÁR “IDEAS”. TÁ INSTITIÚIDÍ ÉIREANNACHA, LENA N-ÁIRÍTEAR AN BANC CEANNAIS, FIONTRAÍOCHT ÉIREANN AGUS SCOIL GHNÓ SMURFIT UCD I NGLEIC LE VÍTNEAM I SOLÁTHAR DEISEANNA OIDEACHAIS, COMHOIBRIÚ GNÓ AGUS ROINNT EISPÉIREAS I RÉIMSÍ FHORBAIRT NA HEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ AGUS NA HEARNÁLA POIBLÍ.

IS COMHAR EILE É TIONSCNAMH VÍRIS FHUIL-IOMPARTHA NA HÉIREANN-VÍTNEAM (TVÉV). TÁ SAOTHARLANN NÁISIÚNTA TAGARTHA VÍREAS I GCOLÁISTE NA OLLSCOILE BAILE ÁTHA CLIATH CEANGAILTE LEIS SEO, AG OBAIR LENA CHONTRAPHÁIRTÍ VÍTNEAMACH, AN NATIONAL INSTITUTE OF HYGIENE AND EPIDEMIOLOGY I HANOI, CHUN ÁIS DHIAGNÓISEACH SHOFAISTICIÚIL A BHUNÚ DO DHIAGNÓIS VÍRIS FHUIL-IOMPARTHA.

Clárthír

An tSaimbia: Ag comhlíonadh Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Buiséid cláir Chúnamh Éireann:
€23.7 million

Innéacs Forbartha Daonna:
163 as 179

Daonra:
12.5 milliún

Clárthír ó mbliain:
1980

Eochair-chlár:
Oideachas

Eochair-ghnóthachtáil:
feabhas 50% ar clárú bunscoile i ranganna haon go naoi, ó 2002 i leith 2002

D'ainneoin dul ar gcúl le déanaí, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an tSaimbia sa chomhrac in aghaidh an ocrais.

A bhuíochas le fás i bhfeirmeoireacht tráchtála tá an tír beagnach féintuilleamaíoch ó thaobh táirgeadh bia de.

Tá tuismitheoir amháin nó an dá thuismitheoir caillte ag breis is milliún leanbh toisc SEIF, agus tá breis is leath de na leanaí uile faoi bhun cúig bliana d'aois ag fulaingt ó mhíchothú.

De réir na tuarascála is déanaí ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, tá an poitéinseal ag an tSaimbia gach ceann de Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach faoin spriocdháta de 2015, ach amháin an sprioc a bhaineann le hinbhuaine comhshaoil. A bhuíochas leis na bhfás i bhfeirmeoireacht tráchtála tá an tír beagnach féintuilleamaíoch i dtáirgeadh bia. Tá an bhásmhaireacht i measc leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois tar éis titim faoi cheathrú ón mbliain 2001. Tá an bhásmhaireacht i measc máithreacha tar éis titim beagnach aon chúigiú.

Sa bhliain 2008, ámh, bhí roinnt dul ar gcúl ann, agus léiríonn seo go bhfuil an tacaíocht a chuireann Cúnamh Éireann ar fáil ina chúnamh ríthábhachtach. Toisc tuillte agus praghsanna ola ag a mbuaicphointe tharla boilsciú i bpraghsanna bia a shroich 20%. Thit praghas copair dhá thriain níos déanaí i rith na bliana, atá ar cheann de na príomheaspórtálacha, toisc titim praghsanna tráchtearraí. Tá tairgeadh stoptha i roinnt mianach agus tá infheistíocht choigríche dhíreach imithe in éag. Tá an baol ann go gcreimfear pé dul chun cinn a rinneadh le déanaí sa chomhrac ina aghaidh na bochtaineachta.

Tugadh isteach bunoideachas saor in aisce sa tSaimbia sa bhliain 2002. D'infheistigh Éire €14 milliún san earnáil sa bhliain 2008, i gcomhclár leis an rialtas agus le deontóirí eile, chun maoiniú a dhéanamh ar earcú 5,000 múinteoir sa bhreis agus chun 1,500 seomra ranga a thógáil.

Tá an tSaimbia ar cheann de na príomhthíortha a raibh tionchar ag VEID agus SEIF orthu. Tá breis is milliún leanbh tar éis tuismitheoir amháin nó an dá thuismitheoir a chailliúint de thoradh SEIF, tá breis is leath de na leanaí ag fulaingt ó mhíchothú. Tacaíonn Cúnamh Éireann le 15 eagraíocht neamhrialtasacha a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine atá buailte le VEID agus SEIF. D'éirigh an-mhaith le cur i bhfeidhm céimneach na cóireála frith-aisvíreasaí, agus tá beagnach 150,000 duine ag fáil cóireála anois, sin 50 uair níos mó ná mar a bhí ann sa bhliain 2003.

Is mná atá freagrach as breis is 70% den talmhaíocht leorchothaitheach sa tSaimbia d'ainneoin a bheith faoi mhíbhuntáiste i dtéarmaí rochtain ar thalamh agus ar chreidmheas. Tacaíonn Cúnamh Éireann le Comhchlár Tacaíochta Inscne, i gcomhar leis an rialtas agus le deontóirí eile. An aidhm atá leis seo ná a chinntiú go bhfuil gach aireacht rialtais, lena n-áirítear talmhaíocht, ag tabhairt tús áite do shaincheist na hinscne ina gcláir rannacha.

Oibríonn Cúnamh Éireann freisin leis an earnáil uisce agus sláintíochta. Sa bhliain 2008, mhaoinigh Cúnamh Éireann tógáil 361 saoráid soláthair uisce, a bhfaigheann 67,000 duine sa Phroibhinse Thuaidh sochar uaidh, agus mhaoinigh Cúnamh Éireann tógáil

Cás-Staidéar

An tSaimbia: An deis a thabhairt do dhaoine cinneadh a dhéanamh dóibh féin

Bridget Nkaundi le leith gráin bhuí, Ionad Cúraim Lae Sunsutilla le haghaidh Dílleachtaí, ceantar Mbala district, grianghraf a bhuíochas le Daniel Rowan

Seachas cinneadh a dhéanamh don teaghlach cad iad na riachtanais acu, cuireann an clár seo ar chumas an teaghlaigh an cinneadh a dhéanamh dóibh féin

leithreas freisin. Tá oideachas sláinte agus sláinteachais áirithe laistigh den chlár seo chomh maith chun a chinntiú nach mbaineann galair uisce-iompartha an bonn de chothú maith.

Faigheann Bridget Nkaundi, atá ocht mbliana d'aois, agus a cairde forbhia ó eagraíocht áitiúil darb ainm Households in Distress, i gCeantar Mbala, Proibhinse Thuaidh. Cuidíonn an eagraíocht seo le breis is 140 dílleachta agus leanbh leochaileach gach lá, i páirt le tacaíocht Chúnamh Éireann. Sa bhliain 2008, chuir Cúnamh Éireann €400,000 ar fáil don eagraíocht sa Phroibhinse Thuaidh ag tacú le pobail atá buailte le SEIF agus VEID..

Tá sé seo ar cheann de réimse seirbhísí cosanta sóisialta a dtacaíonn Cúnamh Éireann leo. Ar na seirbhísí eile a sholáthraíonn Cúnamh Éireann tá aistrithe airgid a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha. Chuir Cúnamh Éireann agus deontóirí eile cistí ar fáil do chúig cheantar, ag díriú ar bhreis is 13,500 teaghlach. Tá VEID agus SEIF tar éis dul i bhfeidhm go mór ar na teaghlaigh seo, níl mórán sócmhainní acu agus tá ioncaim ísle acu agus tá líon mór cleithiúnach iontu, leanaí agus garleanaí san áireamh.

Faoin gclár aistrithe airgid, tugadh méideanna beaga ach rialta airgid, arbh ionann iad agus €8, do gach teaghlach gach mí. Seachas cinneadh don teaghlach cad iad na riachtanais a bhí acu, chuir an clár seo ar a gcumas an cinneadh a dhéanamh dóibh féin.

Léirigh athbhreithniú a rinneadh ar an gclár go raibh tionchar dearfach ag an gclár ar na daoine a fuair an t-airgead, agus dá bharr sin caitheadh an t-airgead ar fheabhsú cothaithe, ar shlite beatha, ar shláinte agus ar oideachas. Tháinig méadú ar an tomhaltas bia, laghdaigh an méid ocrais a tuairiscíodh agus, agus mhéadaigh an líon béiltí in aghaidh an lae agus an éagsúlacht san aiste bia. Thit líon na dteaghlach ag maireachtáil ar bhéile amháin in aghaidh an lae faoi aon trian; thit an líon teaghlach a bhí fós ocrach tar éis béiltí faoi 38%; bhí an caiteachas foriomlán ar bhia dhá thrian níos airde. Le cuidiú breise ó Chúnamh Éireann, déanfar an scéim nuálaíoch éifeachtach seo a chur i bhfeidhm go céimneach i gceantair bhreise sa bhliain 2009.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag clár aistrithe airgid sa chomhrac in aghaidh an ocrais.

Chomh maith leis na naoi gclárthír, dhírigh cláir Chúnamh Éireann ar phríomhréimsí tosaíochta eile:

Clár Comhpháirtíochta le haghaidh na hEorpa agus na hÁise Láir 30

An Phalaistín 31

Siarra Leon agus an Libéir 32

An tSiombáib 33

An Afraic Theas 34

An Eoraip agus an Áise Láir: Rialachas a fheabhsú agus tacú le laghdú na bochtaineachta..

Activity
Tacú le laghdú na bochtaineachta agus le dea-rialachas i ndaonlathais atá ag teacht chun cinn

2008 Budget
€6.6 milliún

Key Outcome
Forbairt ar ionaid chúraim lae sa Bhéalarúis.

An Clár Comhpháirtíochta le haghaidh na hEorpa agus na hÁise Láir – cobhsaíocht agus aistriú daonlathach a chothú.

Bhí Tionscadal Leanaí Chernobyl ag díriú le déanaí níos mó ar fhorbairt fhadtéarmach trí ionaid cúraim lae a bhunú.

Chaith Cúnamh Éireann €6.6 ag maoiniú tionscadal i 19 dtír in Oirdheisceart na hEorpa, i gCónaidhm na Stát Neamhspleách, i Réigiún Cugais agus san Áise Láir.

Sa bhliain 2008 thacaigh Cúnamh Éireann le daoine a bhí díláithrithe sa tSeichnia, leanaí agus daoine fásta óga faoi mhíchumas sa tSeoirsia agus seirbhísí meabhairshláinte san Albáin mar chuid dá Chlár Comhpháirtíochta le haghaidh na hEorpa agus na hÁise Láir.

Faoin gclár seo, mhaoinigh Cúnamh Éireann tionscadail i 19 dtír in Oirdheisceart na hEorpa (lena n-áirítear na Balcáin), Cónaidhm na Stát Neamhspleách (CSN, iar-Aontas na Sóivéide), Réigiún Cugais agus an Áise Láir. Sa bhliain 2008, €6.6 milliún ar thionscadail sa réigiún : €2.4 milliún i dtíortha i réigiún Oirdheisceart na hEorpa; €1.7 milliún i dtíortha i CSN, Réigiún Cugais agus réigiún na hÁise Láir; agus díreach os cionn €2.5 milliún ar thionscadail réigiúnacha, go príomha ar Oirdheisceart na hEorpa

Bhí an eagraíocht Chernobyl Children's Project International (CCPI) ar cheann de na heagraíochtaí a maoiníodh sa bhliain 2008. An chéad fhócas a bhí ag CCPI ná seachadadh cúnaimh dhaonnúil agus leanaí a thabhairt go hÉirinn le haghaidh cúram leighis agus bisithe, ach dhírigh siad le déanaí ar riachtanais níos fadtéarmaí trí ionaid chúraim lae a thógáil. Cuirfidh na hionaid réimse de sheirbhísí riachtanacha leighis, sóisialta agus oideachais ar fáil, agus tá siad á bhforbairt i gcomhar le haireachtaí áitiúla.

Dhírigh tionscadail eile arna maoiniú faoin gclár seo ar bhochtaineacht a laghdú, ar dhea-rialachas, ar dhaonlathú agus ar chearta daonna, síocháin a thógáil, forbairt eacnamaíochta, inniúlacht a thógáil agus tacaíocht le haghaidh na sochaí sibhialta. Díríodh aird ar leith ar riachtanais ghrúpaí leochaileacha agus ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste amhail leanaí, daoine díláithrithe agus daoine faoi mhíchumas.

I measc na n-eiseamláir de thionscadail a fuair maoiniú tá siad seo a leanas:

Tacaíocht do dhaoine díláithrithe sa tSeichnia, lena n-áirítear cuidiú le bunú slite beatha inbhuanaithe;

Tionscadal sa tSeoirsia a bhfuil mar aidhm aige feabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála na leanaí agus na ndaoine fásta atá faoi mhíchumas intleachtach agus fisiceach;

Tionscadal san Albáin chun cúram meabhairshláinte a imeascadh le seirbhísí príomhúla cúraim shláinte.

An Phalaistín: Ag brath ar chúnamh daonnúil

Activity
Cúnamh daonnúil do theifigh Phalaistíneacha

Buiséad 2008
€8.6 milliún

Key Outcome
Tuarastail riachtanacha le híoc chun a chinntiú go gcothaítear seirbhísí bunúsacha

Toisc go bhfuil Gaza aonraithe agus go bhfuil a phobal ag fulaingt, chomh maith leis an gcíor thuathail ar an mBruach Thiar, tá geilleagar na Palaistíne ag brath níos mó agus níos mó ar chúnamh daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear an cúnamh a thagann ó Éirinn.

D'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe tacaíocht na hÉireann trí chuireadh a thabhairt d'Éirinn a bheith ina ball de Choimisiún Comhairleach Ghníomhaireacht Faoisimh agus Oibreacha na Náisiún Aontaithe.

Sa bhliain 2008 chuir Cúnamh Éireann €3.8 milliún ar fáil do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe le haghaidh Teifigh Phalaistíneacha, a sholáthraíonn seirbhísí bunúsacha agus cúnamh daonnúil do bhreis is 4.6 milliún teifeach Palaistíneach. Cuireadh €3m ar fáil freisin don Údarás Palaistíneach chun seirbhísí riachtanacha a chosaint.

Ceithre lá roimh dheireadh 2008, seoladh mór-oibríocht mhíleata Iosraelach in Gaza mar ar fógraíodh an aidhm deireadh a chur le hionsaithe roicéad ar Dheisceart Iosrael. Chúisigh sé taismigh shuntasacha shibhialta agus scrios maoine agus bonneagair. Fiú roimhe seo, bhí an staid dhaonnúil go hainnis. Bhí an limistéar imshuite ag Iosrael ón uair a tháinig Hamas i réim i lár na bliana 2007, agus mar sin tachtadh an geilleagar agus bíonn an daonra níos mó agus níos mó ag brath ar chúnamh daonnúil.

An tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, ag bualadh le peileadóirí Palaistíneacha agus Iosraelacha arna urrú ag Cumann Sacair na hÉireann agus Cúnamh Éireann ag Sráidbhaile Peile an Dóchais Meir Shveya. Grianghraf a bhuíochas le: Aida Poler-Michaeli

Ar an mBanc Thiar, mhéadaigh an lion seicphointí agus constaicí eile i mbealach gluaiseachta le linn 2008. Lean Iosrael ag obair ar an mBacainn, ar tógadh cuid shuntasach di laistigh de limistéar Palaistíneach. Mar thoradh air seo bhí an saol níos déine ar na míle Palaistíneach i roinnt céadta de phobail.

Chuir Cúnamh Éireann breis is €8.6 milliún ar fáil do mhuintir na Palaistíne le linn 2008. Dáileadh an t-airgead seo trí mheán páirtithe éagsúla agus chuidigh dul i ngleic le roinnt mhaith de na dúshláin dhaonnúla agus forbartha is práinní a gcaithfidh Limistéir na Palaistíne aghaidh a thabhairt orthu.

Fuair Údarás na Palaistíne €3 mhilliún, trí mheicníocht mhaoiniúcháin arna bainistiú tríd an gCoimisiún Eorpach. Úsáideadh leath den airgead seo chun íoc as tuarastail seirbhíse poiblí, ag cuidiú lena chinntiú go gcothófaí seirbhísí riachtanacha poiblí, agus úsáideadh an leath eile chun breosla a raibh géarghá leis a sholáthar do stáisiún cumhachta le haghaidh Gaza. Fuair eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a bhí ag obair ar chothú cearta daonna agus daonlathaithe €500,000.

AG OIBRIÚ LEIS NA NÁISIÚN AONTAITHE

CHUIR CÚNAMH ÉIREANN €3.8 MILLIÚN AR FÁIL DON CHISTE GINEARÁLTA AG GNÍOMHAIREACHT NA NÁISIÚNTA AONTAITHE UM FHAOISEAMH AGUS OIBREACHA LE HAGHAIDH TEIFIGH PHALAISTÍNEACHA (GNNAFOTP). CUIREANN AN GHNÍOMHAIREACHT SEO SEIRBHÍSÍ BUNÚSACHA AGUS CÚNAMH DAONNÚIL AR FÁIL DO BHREIS IS 4.6 MILLIÚN TEIFEACH PALAISTÍNEACH IN GAZA, AR AN MBANC THIAR, SA LIOBÁIN, SA TSIRIA AGUS I IORDÁIN. BHÍ SÉ AR AN LÁRIONAD DON FHREAGAIRT AR AN NGÉARCHÉIM THROMCHÚISEACH DHAONNÚIL A THARLA MAR THORADH AR BHOMBARDÚ IOSRAEL AR GAZA, A THOSAIGH GO DÉANACH SA BHLIAIN 2008.

LE LINN 2008, D'ADMHAIGH COMHTHIONÓL GINEARÁLTA NA NÁISIÚN AONTAITHE SEASAMH NA HÉIREANN MAR CHROÍMHAOINITHEOIR AR AN NGNÍOMHAIREACHT TRÍ RÚN A GHLACADH AG TABHAIRT CUIREADH D'ÉIRINN A BHEITH INA BALL DE CHOIMISIÚN COMHAIRLEACH GNNAFOTP. TÁ ISTEACH IS AMACH LE 40% DE DHAONRA LIMISTÉIR NA PALAISTÍNE INA DTEIFIGH (IN GAZA IS IONANN AN CÉATADÁN DE THEIFIGH AGUS 70%), AGUS TÁ LEIBHÉIL NÍOS AIRDE BOCHTAINEACHTA ACUSAN NÁ NA NEAMHTHEIFIGH SA PHALAISTÍN. TRÍ CHUR LEIS AN GCISTE GINEARÁLTA IS FÉIDIR LE GNNAFOTP AIRGEAD A ÚSÁID SNA RÉIMSÍ IS MÓ GÁTAR, LENA N-ÁIRÍTEAR MÚINTEOIRÍ, DOCHTÚIRÍ AGUS OIBRITHE SÓISIALTA A ÍOC.

Siarra Leon agus an Libéir: Atógáil na sochaí, diaidh ar ndiaidh

Activity
Tacú le cúram sláinte bunúsach, go háirithe sláinte máthartha agus leanaí

2008 Budget
€15 mhilliún

Key Outcome
Cúram sláinte feabhsaithe do mháithreacha agus do leanaí

Féachann cláir na hÉireann sa dá thír seo in Iarthar na hAfraice le sochaithe a chur ar ais le chéile a réabadh le linn cogadh cathrach barbartha.

Tá Siarra Leon rangaithe ar an dtír dheireanach ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe. Tá na rátaí is airde de bhásmhaireacht máthar ar domhan ag an tír.

Maireann seachtó faoin gcéad den daonra ar níos lú ná $1 in aghaidh an lae.

Tá Siarra Leon agus an Libéir, dhá thír in aice láimhe in Iarthar na hAfraice, i measc na dtíortha is boichte ar domhan. Réabadh an dá thír toisc cogadh cathrach fadréimseach le linn na 1990í déanacha agus i mblianta luatha an chéid seo. Ar shainghnéithe na gcogaí seo tharla ainghníomhartha uafásacha agus baineadh úsáid go forleathan as leanaí mar shaighdiúirí, agus mar thoradh air seo tá teannais agus éagobhsaíocht leanúnach fós ann.

An aidhm atá le cláir Chúnamh Éireann sa dá thír ná freastal ar riachtanais láithreacha dhaonnúla fad is atáthar ag cur chun cinn atógáil agus forbairt níos fadtéarmaí. Cuirtear gach gníomhaíocht in oiriúint do shrianta ar leith na timpeallachta iarchoinbhleachta, agus an aidhm atá leo ná síocháin ríthábhachtach a sholáthar do shaoránaigh Shiarra Leon agus na Libéire. Déantar na nithe seo níos casta fós trí shnáithe eile de mhaoiniú ó Chúnamh Éireann, lena –áirítear tacaíocht d'eagraíochtaí misinéireachta agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Siarra Leon

Tá Siarra Leon rangaithe ar an tír dheireanach ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe. Tá na rátaí is airde de bhásmhaireacht máthar ar domhan ag an tír.

Chomh maith le tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i Siarra Leon, sa bhliain 2008 chaith Cúnamh Éireann €7.4 milliún ar na bearta seo a leanas:

Tacú le cúram sláinte bunúsach, go héirithe trí mheán an chláir mháthartha agus leanaí arna stiúradh ag Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (CÉINAL);

Clár slándála bia agus cothaithe ag spriocdhíriú ar leanaí óga;

Clár talmhaíochta a bhfuil mar aidhm aige feabhas a chur ar tháirgiúlacht na bhfeirmeoirí beaga;

Agus tacú le meáin neamhspleácha, atá ina ghné ríthábhachtach chun struchtúir agus cleachtais dhaonlathacha a dhaingniú i sochaithe iarchoinbhleachta.

An Libéir

Bhí 2008 ar an gcéad bhliain le blianta beaga anuas a raibh an bonn staitistiúil ag an Libéir le rangú a fháil ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe. Rangaíodh é pas beag os cionn Shiarra Leon, ceithre háit ón mbun.

Chomh maith le tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, chuir Cúnamh Éireann €7.6 milliún ar fáil don Libéir sa bhliain 2008 le haghaidh na nithe seo a leanas:

Sláinte, ag díriú ar shláinte mháthartha agus leanaí;

Talmhaíocht, trí rannpháirtíocht i soláthar ciste a bhí ar bun ag an mBanc Domhanda chun an líonra bóithre a chur ar a bhonn ceart arís, lena n-áirítear bóithre chun rochtain a fháil ar an tuath;

Uisce agus sláintíocht; agus

Leasú ar an earnáil slándála, trí thacaíocht do chlár de chuid na Náisiún Aontaithe chun Aonad Freagartha Éigeandála Phóilíní Náisiúnta na Libéire a oiliúint.

Tógann clár Chúnamh Éireann sa Libéir ar leagáid oifigigh shíochánaíochta na hÉireann a bhfuil an-mheas orthu, ar fhreastal an díorma deireanach díobh le misean na Náisiún Aontaithe sa Libéir go dtí an bhliain 2007.



An tSiombáib: Cúnamh le linn turnaimh

Activity
Cúnamh daonnúil; cúram bailebhunaithe VEID agus SEIF

2008 Budget
€11.3 milliún

Key Outcome
Maolú ar thionchair is measa na géarchéime daonnúla

Tacaíonn Cúnamh Éireann le heagraíochtaí a oibríonn leis na daoine is leochailí sa tSiombáib

Tharla turnamh ar chóras sláinte na Siombáibe agus tharla ráig de chalair sa bhliain 2008, chomh maith leis sin bhí tuairim is 1.7 milliún duine buailte le VEID agus SEIF, le ráta leitheadúlachta i measc daoine fásta de 15.6%. D'fhreagair Cúnamh Éireann le tacaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha na Siombáibe agus d'eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe araon a bhíonn ag obair i réimse VEID agus SEIF agus cláir dhaonnúla, lena n-áirítear freagairt don ráig chalair.

Fuair cúig eagraíocht dhéag neamhrialtasacha sa tSiombáib €1.5 milliún san iomlán chun tacú lena gcúram bailebhunaithe do theaghlaigh atá buailte le VEID agus SEIF. Bhain breis is 35,000 duine leas as an tacaíocht seo, sin méadú de 12,000 ó 2005 i leith. Bhí na páirtithe áitiúla seo in ann freagairt freisin don ghéarchéim bia a bhí ag dul in olcas le linn 2008 trí bhia a dháileadh agus cuidiú le pobail gairdíní teaghlaigh a fhorbairt. Tugadh €1.5 milliún breise d'eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe agus d'eagraíochtaí Idirnáisiúnta neamhrialtasacha chun cur leis na seirbhísí coisc agus cóireála VEID agus SEIF. Fuarthas drugaí riachtanacha frith-aisvíreasacha le haghaidh 48,000 duine atá buailte le VEID agus SEIF.

Caitheadh €1.3 milliún sa bhreis ar chothú, ar scoil agus ar chláir slándála bia arna rith ag eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tugadh €3.3 milliún do réimse clár neamhdhaonnúla na Náisiún Aontaithe agus dáileadh €3 mhilliún trí rannóg Shochaí Shibhialta Chúnamh Éireann. Thacaigh an maoiniú seo le hobair na bpríomhpháirtithe amhail Concern, Trócaire agus Goal; agus obair na misinéirí, trí Mhisean Cara; agus obair eagraíochtaí idirnáisiúnta neamhrialtasacha Éireannacha eile.

MEARFHREAGAIRT AR CHALAIR

FUAIR NA MÍLTE DUINE BÁS SA TSIOMBÁIB DE BHARR RÁIG CHALAIR SA DARA LEATH DEN BHLIAIN 2008. CHUIR CÚNAMH ÉIREANN €500,000 AR FÁIL LÁITHREACH DO CHISTE MEARFHREAGARTHA NA NÁISIÚN AONTAITHE SA TSIOMBÁIB. FUAIR GOAL AGUS TRÓCAIRE €162,000 CHUN TACÚ LENA BHFREAGRAÍ. FAIGHEANN CÚNAMH ÉIREANN STOC-CHARNADH DE MHÍREANNA FAOISIMH LE FREAGAIRT DO GHÉARCHÉIMEANNA MAR SEO, AGUS BAINEADH ÚSÁID ASTU SEO CHUN SOLÁTHAIRTÍ A SHEOLADH CHUIG AN TSIOMBÁIB, SOLÁTHAIRTÍ ARB IONANN A LUACH AGUS €450,000, AGUS DHÁIL GOAL IAD AR 30,000 TEAGHLACH ATÁ FAOI THIONCHAR CALAIR.

Bhain breis is 35,000 duine leas as tacaíocht Chúnamh Éireann d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na Siombáibe ag cur cúram bhailebhunaithe ar fáil do theaghlaigh atá buailte le VEID agus SEIF.

Baineadh úsáid as stoc-charnadh mhíreanna éigeandála Chúnamh Éireann chun soláthairtí a sheoladh chuig an tSiombáib le haghaidh 30,000 teaghlach.

An Afraic Theas: Tír chobhsaí mheánioncaim, ach fós tá neamhshlándáil bhia ann

Activity
Dul i ngleic le hiarmhairtí VEID agus SEIF

2008 Budget
€11.34 milliún

Key Outcome
Clár nua ag dul i ngleic le foréigean inscne-bhunaithe i gcomhthéacs VEID agus SEIF

D'ainneoin roinnt mhaith feabhsúchán ar an Afraic Theas ó dheireadh apartheid, chuaigh bochtaineacht forleathan in olcas toisc rátaí arda ionfhabhtaithe VEID agus SEIF.

Carer Irene ag tabhairt comhairle do Betty, othar le VEID, maidir le glasraí sláintiúla a fhás, grianghraf a bhuíochas le Richard More O'Ferrall

Díríonn an straitéis cúig bliana reatha de chuid Chúnamh Éireann ar thrí réimse:

Inniúlacht a thógáil le haghaidh seachadadh seirbhíse in Limpopo, ceann de na proibhinsí is boichte i measc naoi bproibhinse na hAfraice Theas;

Freagairt do riachtanais na mban agus na leanaí atá buailte VEID agus SEIF; agus

Cosc a chur le foréigean inscne-bhunaithe agus freagairt dó.

Tá ceann de na rátaí is airde ar domhan d'ionfhabhtú VEID ag an Afraic Theas, ag 21.5% den daonra de dhaoine fásta. Dhírigh Cúnamh Éireann ar fheabhas a chur ar éifeachtacht na Comhairle Náisiúnta SEIF, feabhas a chur ar phleanáil polasaí agus ar chinnteoireacht agus cur leis an dea-chleachtas sa chúram bailebhunaithe agus cúram do leanaí atá buailte le VEID agus SEIF.

Tá foréigean i gcoinne na mban ina spreagadh le haghaidh rátaí arda VEID agus SEIF san Afraic Theas agus ina iarmhairt orthu. Tá clár ag Cúnamh Éireann a dhíríonn ar dhaingniú inniúlacht an rialtais agus na sochaí sibhialta i ndul i ngleic leis an tsaincheist, agus ar fheabhas a chur ar chomhordú i measc deontóirí. Bunaíodh Ciste Ciseáin Comhinsce a bhfuil mar aidhm aige feabhas a chur ar an tionchar straitéiseach atá ag maoiniú deontóra trí laghdú ar dhúbailt agus ar chostais na n-idirbheart a mbíonn ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta iad a sheasamh.

Tá clárúchán scoile ard san Afraic Theas, ach tá éagsúlacht ann i measc chaighean an oideachais sin. I bProibhinse Limpopo tá Cúnamh Éireann ag tacú le litearthacht níos fearr sa teagasc, ar inniúlacht a thógáil do phleanáil agus do bhainistíocht an bhonneagair oideachais agus ar dhaingniú an rialachais scoile. Chomh maith leis sin in Limpopo, tá Cúnamh Éireann ag soláthar tacaíochta nuálaíochta i soláthar uisce agus sláintíochta, i gcomhpháirt leis an rialtas agus leis an tsochaí shibhialta.

Tá foréigean i gcoinne na mban ina spreagadh do na rátaí arda VEID agus SEIF san Afraic Theas agus ina iarmhairt orthu freisin

Tá ceann de na rátaí is airde ar domhan d'ionfhabhtú VEID san Afraic Theas, agus seasanna sé ag 21.5% den daonra de dhaoine fásta

SLÁNDÁIL BIA SAN AFRAIC THEAS

IS TÍR Í AN AFRAIC THEAS INA BHFUIL ÉAGSÚLACHTAÍ OLLMHÓRA. BÍONN BEAGNACH LEATH DEN DAONRA NACH BHFUIL BÁN AG MAIREACHTÁIL FAOI BHUN LÍNE NA BOCHTAINEACHTA. CÉ GO GCUIREANN AN TÍR DÓTHAIN BIA AR FÁIL, FÉADFAIDH SLÁNDÁIL BIA A BHEITH AN-NEAMHSLÁN I DTEAGHLAIGH INDIBHIDIÚLA AGUS I BPOBAIL. AN RÉITEACH ATÁ AIR SEO NÁ NÍ HÉ AMHÁIN SOLÁTHAIRTÍ BIA A DHAINGNIÚ, ACH FEABHAS A CHUR AR CHUMHACHT CHEANNACHÁIN AGUS AR AN GCUMAS DÉILEÁIL LE HIMEACHTAÍ NACH RABHTHAS AG SÚIL LEO, AMHAIL TINNEAS.

I MEASC NA DTIONSCNAMH ARNA MAOINIÚ AG CÚNAMH ÉIREANN CHUN COMHRAC IN AGHAIDH AN OCRAIS TÁ SIAD SEO A LEANAS: FORBAIRT GAIRDÍNÍ BIA, A SPREAGANN DAOINE LE BRATH ORTHU FÉIN CHUN BIA A SHOLÁTHAR; FEABHAS A CHUR AR SHEIRBHÍSÍ UISCE, A BHFUIL TIONCHAR AIGE SIN AR THÁIRGEADH BIA AGUS AR GHINIÚINT IONCAIM; AGUS SOLÁTHAR COMHAIRLE I NDÁIL LE COTHÚ AGUS PACÁISTÍ BIA CHUIG DAOINE ATÁ BUAILTE LE VEID AGUS SEIF, TRÍ CHÚRAM BAILEBHUNAITHE. CUIDÍONN CLÁIR EILE A THACAÍONN LE HOIDEACHAS AGUS CHUMHACHTÚ NA MBAN INNIÚLACHT FHADTÉARMACH A CHRUTHÚ CHUN BAINISTIÚ A DHÉANAMH AR OCRAS AGUS AR CHOTHÚ.

Éigeandáil & Téarnamh: Ar na línte tosaigh de ghéarchéimeanna ar fud an domhain

Chuir Éire breis is €135 milliún ar fáil i dtreo iarrachtaí daoine a choinneáil beo, faoiseamh a sholáthar ón bhfulaingt agus atógáil i ndiaidh géarchéimeanna sa bhliain 2008

Seoladh an Cór Mearfhreagartha 27 uair chuig 14 thír., lena n-áirítear an tSúdáin Srí Lanca, An Chéinia agus an tSomáil.

Tá sé measta gur maraíodh 235,000 duine sa bhliain 2008 de bharr tubaistí nádúrtha, an ceann is déine ná Cioclón Nargis i mBurma agus an crith talún i bproibhinse Sichuan na Síne. Meastar gurb ionann an tionchar eacnamaíochta a bhí ag tubaistí nádúrtha sa bhliain agus $190 billiún. Bhí tionchar ag lagtrá géarchéimeanna daonnúla ag eascairt ó choinbhleacht agus éagobhsaíocht pholaitiúil ar na milliún duine sa tSúdáin, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus sa tSomáil, i measc tíortha eile.

Chur Éire breis is €135 milliún ar fáil i dtreo iarrachtaí daoine a choinneáil beo, faoiseamh a thabhairt ón bhfulaingt agus atógáil i ndiaidh na ngéarchéimeanna seo sa bhliain 2008. Seoladh an t-airgead seo go díreach chuig limistéir na ngéarchéimeanna i 35 tír. Cuireadh roinnt mhaith de seo in áit roimh ré le comhpháirtithe Chúnamh Éireann chun a chinntiú go bhféadfaí é a dháileadh go gasta nuair a bhí gá leis agus san áit a raibh gá leis. Fuair an Ciste Láir Freagartha Éigeandála arna oibriú ag na Náisiúin Aontaithe, €22.6 milliún de mhaoiniú ó Chúnamh Éireann. Óna bhunú sa bhliain 2006, chuir an ciste feabhas mór ar chumas na Náisiún Aontaithe freagairt d'éigeandálaí. Leithdháiltear aon trian den maoiniú ar 'éigeandálaí a bhfuil dearmad déanta orthu', géarchéimeanna a ndearna na meáin agus na deontóirí idirnáisiúnta neamhaird orthu.

Chuir Cúnamh Éireann €11.5 milliún sa bhreis ar fáil do Chistí Coiteanna Daonnúla arna rith ag na Náisiúin Aontaithe sa tSúdáin, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus i bPoblacht na hAfraice Láir. Sna cistí seo déantar airgead a chomhthiomsú ó dheontóirí éagsúla agus ansin leithdáiltear iad ar eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha ar bhonn riachtanais.

De bhreis air sin, fuair príomhghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe a bhíonn ag obair i réimse an fhaoisimh éigeandála, amhail an Clár Domhanda Bia, an Ghníomhaireacht le haghaidh Teifeach (ACNAD) agus an Ciste Leanaí (CÉINAL), díreach faoi bhun €30 milliún i maoiniú díreach ó línte buiséid éigeandála agus téarnaimh Chúnamh Éireann. Fuair gluaiseacht na Croise Deirge (a chuimsíonn Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus líonra domhanda chumainn an Chorráin Dheirg) €15.5 milliún agus leithdháileadh €24.5 milliún ar eagraíochtaí neamhrialtasacha ó na línte buiséid céanna.

Chomh maith leis sin sa bhliain 2008 tháinig Tionscnamh Mearfhreagartha Chúnamh Éireann ar an bhfód agus é ina uirlis níos éifeachtaí d'fhreagairt dhaonnúil idirnáisiúnta na hÉireann. Seoladh an Cór Mearfhreagartha 27 uair chuig 14 thír., lena n-áirítear an tSúdáin Srí Lanca, An Chéinia agus an tSomáil. Seoladh soláthairtí faoisimh éigeandála i ndeich gcoinsíneacht ar leithligh ó stoc-charnadh na hÉireann a bhí curtha in áit cheana féin in Brindisi na hIodáile agus i gCampa Churrach chuig tíortha lena n-áirítear an Mhósaimbíc, an Iaráic, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Tóga agus an tSiombáib.

Aire Stáit Peter Power le baill den Chór Mearfhreagartha, ó chlé go deas: Fred Tottenham, Donal McGrath agus Marion Roche, grianghraf a bhuíochas le Maxwells

Bhí Cór Mearfhreagaertha na hÉireann ag tús áite fhreagairt éigeandála Chúnamh Éireann sa bhliain 2008.

VEID agus SEIF: Príomhdheontóir

Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag fáil cóireáil VEID i dtíortha forbraíochta faoi bheagnach 50%, chuig trí mhilliún

Dar le hAthbhreithniú an ECFE tá 'Éire chun tosaigh san AE i gcéatadán an chúnaimh forbraíochta choigríche chun comhrac in aghaidh VEID/SEIF'

Sa bhliain 2008, chuir Cúnamh Éireann breis is €148 milliún ar fáil chun freagairt do VEID agus SEIF, agus do ghalair eile, amhail maláire agus eitinn. Sháraigh sé seo go mór gealltanas an Rialtais ar a laghad €100 milliún a chaitheamh gach bliain sa réimse seo. Baineadh úsáid as an maoiniú seo ar fud na dtíortha agus na gclár a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo.

Chui Éire €20.6 milliún ar fáil chun tacú le hobair an Chiste Dhomhanda um Chomhrac in aghaidh SEIF, Eitinne agus Maláire sa bhliain 2008, rud a chiallaíonn go bhfuil Éire ar cheann de na deontóirí is airde per capita a chuireann airgead ar fáil don chiste seo. Ardaíodh próifíl na hÉireann mar phléadálaí láidir ar na saincheisteanna seo nuair a chomh-óstáladh i mBaile Átha Cliath Ceathrú Fóram na gComhpháirtithe Domhanda um Leanaí atá buailte le VEID agus SEIF. Leagadh amach san Fhóram príomhthosaíochtaí polasaí sa réimse seo. Chuir Éire ceannaireacht láidir ar fáil ar phríomhcheisteanna a bhaineann le VEID Agus SEIF trína suíochán ar bhod Chlár VEID agus SEIF na Náisiún Aontaithe, UNAIDS.

Is príomhthacadóir í Éire sna hiarrachtaí táirgí nua cógaisíochta a fhorbairt don chomhrac in aghaidh VEID agus SEIF. Tacaíodh leis an gcuardach le haghaidh vacsaíne trí mhaoiniú a chur ar fáil don Tionscnamh Idirnáisiúnta Vacsaíne SEIF. Tacaíodh leis an gcuardach le haghaidh miocróbaicíd éifeachtach (ar dócha a bheidh ina huirlis an-chumhachta don chosc ar VEID trí mhná a chumhachtú iad féin a chosaint) trí mhaoiniú a sholáthar don Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta le haghaidh Miocróbaicídí. Rinne Cúnamh Éireann stiúradh ar chomh-mheastóireacht deontóra ar an gcomhpháirtíocht seo sa bhliain 2008, agus bhí torthaí dearfacha air seo. Lean Cúnamh Éireann freisin ag tacú le hinstitiúidí Éireannacha atá i mbun taighde a dhéanamh ar VEID agus SEIF.

Chuireann éagothroime rochtana ar bhia go mór leis an eipidéim dhomhanda de VEID. Bíonn tionchar mór ag leibhéil chothaithe ar VEID agus SEIF, i dtéarmaí coisc agus cúraim araon. Ar cheann de na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le hobair Chúnamh Éireann tá an tacaíocht d'fheabhsú cothaithe agus do shlándáil bia teaghlaigh. Tacaímid le hiarrachtaí easnaimh i micreachothaithigh, amhail iarann agus Vitimín A, a chosc agus deireadh a chur leo. Tá sé seo riachtanach freisin i gcosc éifeachtach, cóireáil agus cúram galair amhail eitinn agus maláire.

NA FIGIÚIRÍ: DUL CHUN CINN Á DHÉANAMH I GCOINNE VEID AGUS SEIF

MHÉADAIGH AN LÍON DAOINE A BHÍ AG FÁIL CÓIREÁIL VEID I DTÍORTHA FORBRAÍOCHTA FAOI BHEAGNACH 50% SA BHLIAIN 2007, CHUIG TRÍ MHILLIÚN , DE RÉIR TUARASCÁLA DE CHUID UNAIDS AG TUAIRISCIÚ CHUIG IÚIL 2008 AR AN EIPIDÉIM. AN SPRIOC DHOMHANDA FAOI DHEIREADH 2008 NÁ GO MBEADH 6.5 MILLIÚN DUINE AG FÁIL CÓIREÁLA. MHÉADAIGH AN LÍON CÁS TÁSTÁLA AGUS COMHAIRLEACHTA VEID ARNA DTACÚ AG AN GCISTE DOMHANDA FAOI 84% SA BHLIAIN 2008, CHUIG 62 MILLIÚN. DHÚBAIL AN LÍON CÁSANNA DE GHALAIR GHNÉAS- TARCHURTHA CHUIG 4.4 MILLIÚN. MHÉADAIGH FREISIN AN LÍON DAOINE A FUAIR 'CUMARSÁIDÍ I NDÁIL LE HATHRÚ IOMPAIR', CHUIG 91 MILLIÚN. MHÉADAIGH AN LÍON COISCÍNÍ A DÁILEADH FAOI BHEAGNACH DHÁ THRIAN, CHUIG 450 MILLIÚN. MHÉADAIGH AN LÍON BAN A BHÍ AG FÁIL CÓIREÁLA IONAS NACH DTARCHURFAIDÍS VEID CHUIG A LEANBH FAOI THRÍ, CHUIG 445,000. BHÍ DHÁ CHEANN DE CHLÁRTHÍORTHA CHUN TOSAIGH MAIDIR LEIS SEO – AN TSAIMBIA AGUS AN TANSÁIN.

THUAIRISCIGH TIONSCNAMH VEID AGUS SEIF FHONDÚIREACHT CLINTON GO RAIBH 130,000 DUINE AG FÁIL CÓIREÁIL VEID SA MHÓSAIMBÍC, THUAS Ó 78,000 SA BHLIAIN 2007, AGUS GO RAIBH MÉADÚ AS CUIMSE TAGTHA AR AN LÍON BAN A FHAIGHEANN ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ COISC TARCHURTHA, Ó THUAIRIM IS 350 SA BHLIAIN 2002 CHUIG 48,000 SA BHLIAIN 2008.

IS PRÍOMHTHACADÓIR É CÚNAMH ÉIREANN LEIS AN GCISTE DOMHANDA AGUS LE COMHPHÁIRTÍOCHT CLINTON.

Toscairí ar son na hÓige ag Fóram na gComhpháirtithe Domhanda um Leanaí atá buailte le VEID agus SEIF, arna óstáil ag Éire agus CÉINAL, grianghraf a bhuíochas le Maxwells

Tá Cúnamh Éireann chun tosaigh sa mhaoiniú idirnáisiúnta do thionscnaimh VEID agus SEIF agus tá sé ina eagraíocht tathanta ina leith.

Ár gComhpháirtithe

An tSochaí Shibhialta : ag obair ar son an leasa choitinn

Photo Oibríonn Martha Hernández Aguilar, atá seacht mbliana is fiche d'aois, mar oibrí a chuireann caife i gcupáin i gcomharchumann RAOS i Hondúras a dtacaíonn Cúnamh Éireann leis. Grianghraf a bhuíochas le Aoife Helly

Cuireann eagraíochtaí neamhrialtasacha chun cinn an rannpháirtíocht, dea-rialachas, seirbhísí le haghaidh pobail bhochta agus fás

Cuireadh €20 milliún ar fáil do Mhisean Cara chun tacú le hobair forbraíochta na n-eagraíochtaí misinéireachta

Seolann Rannóg na Sochaí Sibhialta de chuid Chúnamh Éireann maoiniú chuig príomheagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha agus idirnáisiúnta atá ag obair i réimsí na forbraíochta agus na n-eagraíochtaí dúchasacha i dtíortha forbraíochta. Tá sé seo ar cheann de phríomhghnéithe d'obair Chúnamh Éireann.

An Scéim Chláir Ilbhliantúil

San iomlán fuair cúig cinn de phríomheagraíochtaí neamhrialtasacha na hÉireann €70 milliún sa bhliain 2008, faoin Scéim Chláir Ilbhliantúil. Faoin scéim seo tugtar ráthaíocht mhaoiniúcháin ar feadh líon áirithe de bhlianta do na heagraíochtaí seo a leanas: Christian Aid, Concern, Goal, Self Help Africa agus Trócaire. Baintear úsáid as san maoiniú seo le haghaidh réimse leathan de chláir forbraíochta. Mar shampla, sa Chéinia d'oibrigh Trócaire agus a chomhpháirtithe chun tionchar a imirt ar phriomhsholáthar an chomhaontais síochána a tháinig tar éis an fhoréigin agus na coinbhleachta eitní a tharla i ndiaidh an toghcháin. Bhí páirt ag comhpháirtithe Trócaire i gcinntiú go ndearnadh rangú ar choireanna a bhain le hinscne mar choireanna nach bhfuil tarscaoileadh le fáil ina leith faoin Acht um Fhírinne, Ceartas agus Athmhuintearas 2008 ón gCoimisiún..

Blocdeontais

Gealladh faoin gClár don Rialtas go bhforbrófaí meicníochtaí maoiniúcháin sa bhreis le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha. Dá réir seo, mhéadaigh an líon eagraíochtaí a fhaigheann blocdheontais sa bhliain 2008 ó shé cinn go dtí 23. Cuireann na deontais seo ar chumas eagraíochtaí daingniú a dhéanamh ar cháilíocht a gclár agus tabhairt faoi thionscadail forbraíochta níos fadtéarmaí.

Ciste na Sochaí Sibhialta

Chomh maith le maoiniú ar mhórscála, tacaíonn Cúnamh Éireann chomh maith le heagraíochtaí beaga trí Chiste na Sochaí Sibhialta. Sa bhliain 2008, íocadh amach breis is €46m ón gciste seo, ag éascú tionscadal amhail slándáil slite beatha, uisce agus sláintíocht, oideachas, cearta daonna, inscne, sláinte agus VEID agus SEIF, ar fud beagnach 30 tír. Mar shampla. Thacaigh Cúnamh Éireann le heagraíochtaí neamhrialtasacha sa tSalvadóir a bhíonn ag obair sna cathracha is boichte sa tír agus le heagraíochtaí a oibríonn le pobail dhúchasacha i Nicearagua, Hondúras, Guatamala agus an Bheilís. Tacaíonn Cúnamh Éireann freisin leis an obair a bhíonn á dhéanamh ag misinéirí Éireannacha thar lear. Sa bhliain, cuireadh €20 milliún ar fáil do Mhisean Cara, a dhéanann ionadaíocht thar ceann 80 eagraíocht misinéireachta a bhíonn ag obair i 90 tír.

Cóir-Thrádáil

Sa bhliain 2008 thacaigh Cúnamh Éireann le hobair an líonra Cóir-thrádála i Meiriceá Láir (€1.3 milliún) agus na hAfraic Thoir (€2 mhilliún). Sa tSalvadóir, Guatamala, Hondúras agus Nicearagua, chuidíonn an líonra le feirmeoirí a gcuid caife, cacó agus síolta seasmain a dhíol ar phraghas cóir. Cuireann an t-ioncam breise a fhaigheann siad feabhas ar chothú an teaghlaigh agus cuidíonn le leanaí freastal ar scoil. Déantar é a ath-infheistiú freisin sa phobal forbraíochta agus sna córais leasa. San Afraic Thoir, tacaíonn líonra Cóir-thrádála na hÉireann le breis is 435,000 feirmeoir sa Chéinia, in Uganda, sa Tansáin agus san Aetóip.

POLASAÍ SOCHAÍ SIBHIALTA

FOILSÍODH POLASAÍ SOCHAÍ SIBHIALTA CHÚNAMH ÉIREANN SA BHLIAIN 2008. SEO A LEANAS NA CUSPÓIRÍ ATÁ SA PHOLASAÍ SIN:

TIMPEALLACHT CHUMASÚCHÁIN A CHRUTHÚ D'EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHRIALTASACHA CHUN EAGRÚ A DHÉANAMH AR A GCEANTAIR LEITHNE FÉIN AGUS BHEITH RANNPHÁIRTEACH LEO;

TACÚ LE RÓL NA N-EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHRIALTASACHA I GCOTHÚ NA RANNPHÁIRTÍOCHTA AGUS AN DEA-RIALACHAIS, AN TSEACHADTA SEIRBHÍSE I BHFABHAR NA MBOCHT AGUS AN FHÁIS;

CEANTAR A THÓGÁIL LE HAGHAIDH FORBARTHA, CEARTA DAONNA AGUS AN CHEARTAIS SHÓISIALTA.

Iltaobhach: Ag comhordú na gníomhaíochta domhanda

‘Iltaobhaigh’ – eagraíochtaí móra idirnáisiúnta, amhail eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh. Bíonn a gcion ríthábhachtach don fheabhas ar chúnamh agus chun trádáil a thiomáint. Seoltar breis is aon trian de chúnamh oifigiúil forbraíochta tríd an gcóras iltaobhach. Is páirtí leasmhar Éire a bhfuil tionchar aici sna NA, san AE agus sa Bhanc Domhanda, ag cur le maoiniú agus le saineolas. Tá buntáistí tábhachtacha ag na hiltaobhaigh seo sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus tá tacú lena gcuid oibre mar ghné lárnach de chur chuige Chúnamh Éireann sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais.

Chuidigh Cúnamh Éireann leasú chóras na Náisiún Aontaithe a thiomáint trí thacú le cur chuige ‘aon Náisiún Aontaithe amháin’ i leith an chúnaimh agus na forbartha.

Mar thoradh ar an ngéarchéim bia sa bhliain 2008, a tharla toisc ardú ar phraghsanna ola, bhunaigh an tArd-Runaí Ban Ki-moon tascfhórsa speisialta agus stiúir an tAontas Eorpach le haon bhilliún Euro a leithdháileadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim.

Chuir an tAontas Eorpach breis is €49 billiún ar fháil mar chúnamh sa bhliain 2008

Na Náisiúin Aontaithe

Cuireadh beagnach 80% de mhaoiniú Chúnamh Éireann le haghaidh na Náisiún Aontaithe ar fáil do shé chomhpháirtí tosaíochta, a measann Cúnamh Éireann gurb iad na cinn is éifeachtaí i gcur chun cinn forbartha. Ba iad seo Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA), Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (CÉINAL), Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (ACNAD), the Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA), an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Clár VEID/SEIF na Náisiún Aontaithe (UNAIDS). Ba é €86 milliún an maoiniú iomlán le haghaidh na n-eagraíochtaí seo sa bhliain 2008.

Níl formhór an mhaoinithe curtha in áirithe, rud a chiallaíonn go mbíonn scaoilteacht ag na comhpháirtithe maidir le tosaíochtaí a fhreagairt, agus a neartaíonn rannpháirtíocht agus tionchar Chúnamh Éireann ag leibhéal straitéiseach. Léiríodh an rannpháirtíocht straitéiseach seo leis na Náisiúin Aontaithe le linn 2008 nuair a bhí Ambasadóir na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe, i gcomhpháirt lena chontrapháirtí Tansánach, ar thús plé maidir leis na moltaí ‘ NA amháin’ d’athchóiriú na Náisiún Aontaithe.

Bhí na moltaí déanta ag an bPainéal Ardleibhéil ar Chomhtháthú Uile-Chórais. Is é lár an chláir chomhtháthaithe uile-chórais ná dul i dtreo córais níos comhordaithe agus níos éifeachtaí na Náisiún Aontaithe ag leibhéal na tíre, ar a dtugtar an cur chuige ‘NA amháin’. Cuireadh é seo i bhfeidhm go treorach i roinnt tíortha sa bhliain 2008, lena n-áirítear trí chlárthír de chuid Chúnamh Éireann (Mósaimbíc, an Tansáin agus Vítneam). Tá €2 mhilliún curtha ar fáil ag Cúnamh Éireann chun tacú leis na treoirchláir seo.

Baineann Cúnamh Éireann úsáid as raon de mhodhanna chun monatóireacht a dhéanamh ar obair eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe. San áireamh tá rannpháirtíocht sa Líonra um Mheasúnú Feidhmíochta Eagraíochtaí Iltaobhacha, grúpa de dheontóirí ar aon intinn a dhéanann feidhmíocht ghníomhaireachtaí na NA agus eagraíochtaí iltaobhacha eile a mheas agus a chuidíonn le cáilíocht an chúnaimh a fheabhsú.

Grúpa an Bhainc Dhomhanda

Oibríonn Cúnamh Éireann go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar pholasaí a bhaineann leis an mBanc Domhanda. Sa bhliain 2008, cuireadh tacaíocht ar fáil do roinnt cistí an Bhainc Dhomhanda atá ailínithe le tosaíochtaí Chúnamh Éireann. San áireamh bhí deontas de €500,000 d'Institiúid an Bhainc Dhomhanda, gníomhaireacht oiliúna an Bhainc Dhomhanda, le haghaidh tionscadal sna réimsí oideachais, sláinte agus uisce agus sláintíochta; agus €500,000 don Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, a chothaíonn forbairt na hearnála príobháidí i dtíortha forbraíochta. Bhí an maoiniú seo curtha in áirithe le haghaidh an Tionscnaimh um Stáit san Afraic a nDearna Coinbhleacht Dochar Dóibh de chuid na corparáide, a fhéachann le dul i ngleic leis na bacainní áirithe os comhair na hearnála príobháidí i dtíortha iarchoinbhleachta agus leochaileacha.

Faoiseamh ó Fhiachas

Thug Cúnamh Éireann tacaíocht freisin do chlár forbartha acmhainne a ritheann Debt Relief International, eagraíocht taighde agus oiliúna lonnaithe i Londain. Cabhraíonn sé seo le tíortha atá i bhfiacha móra a bhfiachas a bhainistiú ar mhodh inbhuanaithe.

An tAontas Eorpach

Is é an tAontas Eorpach an deontóir cúnaimh ab fhearr go mór fada ar domhan. Sa bhliain 2008, bhí figiúirí cúnaimh oifigiúla na hEorpa de níos mó ná €49 billiún ann, lena n-áirítear deonacháin ó Bhallstáit. Cuireann Éire leis seo, trí bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus trí Chiste Forbraíochta na hEorpa araon, ar sholáthar Éire beagnach €24 milliún dó sa bhliain 2008.

Spreag an ghéarchéim dhomhanda i slándáil bhia freagairt bhreise ón Aontas Eorpach. I mí na Nollag 2008, ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na hEorpa rialachán ag bunú saoráide bia de €1 bhilliún. Beidh an tsaoráid i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana, ó 2009 go 2011, ag soláthar maoinithe bhreise d'eagraíochtaí ábhartha rialtais agus neamh-rialtais sna tíortha is soghonta ar fud an domhain.

Cúnamh don Trádáil

Tacaíonn Éire le hacmhainn tíortha forbraíochta trí thionscnaimh chun fostaíocht agus táirgeadh a mhéadú, i gceantair thuaithe go háirithe. Sa bhliain 2008, chuir Éire le caibidlí leanúnacha na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíochta idir an tAontas Eorpach agus Stáit na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin. Ar an gcuma chéanna, tá Éire gníomhach san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ag cinntiú go léiríonn caibidlí trádála domhanda gnéithe agus riachtanais forbartha na dtíortha forbraíochta. Tacaíonn Cúnamh Éireann le roinnt eagraíochtaí 'Cóir-thrádála' freisin.

AG DUL I NGLEIC LE HOCRAS AG NA LEIBHÉIL IS AIRDE

RINNE AN GHÉARCHÉIM BHIA DHOMHANDA SA BHLIAIN 2008, A THARLA MAR THORADH AR ARDÚ I BPRAGHSANNA BREOSLAÍ, BAN KI-MOON, ARD-RÚNAÍ NA NÁISIÚN AONTAITHE, A SPREAGADH CHUN TASCFHÓRSA SPEISIALTA A BHUNÚ. COMHDHÉANTA DE CHINNGHNÍOMHAIREACHTAÍ ÁBHARTHA NA NÁISIÚN AONTAITHE, AN BHAINC DHOMHANDA AGUS AN CHISTE AIRGEADAÍOCHTA IDIRNÁISIÚNTA, RINNE AN TASCFHÓRSA CREATLACH CUIMSITHEACH LE HAGHAIDH GNÍMH. I MEASC NA DTOSAÍOCHTAÍ BHÍ NA CINN SEO A LEANAS:

SOLÁTHAR CÚNAMH ÉIGEANDÁLA BIA AGUS IDIRGHABHÁLACHA COTHAITHE;

AND MÉADÚ AR THÁIRGEADH BIA AG FEIRMEOIRÍ GABHÁLTAS BEAG (MNÁ GO HÁIRITHE), AGUS FEABHSÚ AR A ROCHTAIN AR MHARGAÍ BIA IDIRNÁISIÚNTA, AGUS;

FAIRSINGIÚ NA MEICNÍOCHTAÍ UM CHOSAINT SHÓISIALTA..

TÁ CLÁRTHÍORTHA NA HAFRAICE DE CHUID CHÚNAMH ÉIREANN I MEASC NA DTÍORTHA A NDEARNA AN GHÉARCHÉIM BHIA IDIRNÁISIÚNTA AN DOCHAR IS MÓ DÓIBH, AGUS TÁ CÚNAMH ÉIREANN AG TACÚ LEIS AN GCREATLACH CUIMSITHEACH LE HAGHAIDH GNÍMH A CHUR I BHFEIDHM SNA TÍORTHA SEO AGUS AG DÉANAMH MONATÓIREACHTA AIR.

Cúnamh Éifeachtach

Athbhreithniú Piaraí: Clár cúnaimh ceannródaíoch

Is 'crann seasta i gcur i bhfeidhm níos éifeachtaí an chúnaimh' í Éire, de réir athbhreithnithe a rinne Coiste na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) i rith 2008, a ndéanann 'athbhreithnithe piaraí' rialta ar chláir chúnamh forbartha a ball.

Foilsíodh an t-athbhreithniú piaraí i mBealtaine 2009 agus tá sé ar fáil le léamh ar líne: www.oecd.org/dac/peerreviews/ireland.

- Is iad seo a leanas conclúidí an athbhreithnithe phiaraí: Is clár comhardaithe cúnaimh atá láidir agus ceannródaíoch é Cúnamh Éireann, ar a bhfuil meas mór go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.
- Is é laghdú bochtaineachta an phríomhsprioc atá ag Cúnamh Éireann. Tá a chlár dírithe go maith ar líon teoranta de thíortha na hAfraice atá an-bhocht.
- Tá Cúnamh Éireann ina dheontóir dílis, solúbtha. Is mór ag a chomhpháirtithe clárthíortha an aird a thugtar ar thosaíochtaí áitiúla.
- Is é cur chuige straitéiseach spriocdhírithe atá ag Cúnamh Éireann maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhpháirtithe. Is crann seasta é Cúnamh Éireann i gcur i bhfeidhm níos éifeachtaí an chúnaimh
- Tá dúshláin ag baint le dílárú cheanncheathrú Chúnamh Éireann ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach. Ní bheifear in ann éifeacht fhadtéarmach an díláraithe a mheas ar feadh tamaill.
- Ba chóir do Chúnamh Éireann cur lena iarrachtaí i leith tionchar a chláir chúnaimh a thomhas agus torthaí forbartha a chur in iúl don phobal, chun tacaíocht an phobail dá obair a choinneáil.

Is é cúnamh don iasacht mar chuid den ioncam náisiúnta an modh is coitianta ar a ndéantar comparáid idir dheonacháin tíortha an ECFE d'fhorbairt na hAfraice. Ach tá tíortha forbartha nasctha leis an Afraic i mbealaí eile freisin, mar thrádáil, infheistíocht, imirce, an comhshaol, comhoibriú míleata agus teicneolaíocht. Déanann an tIonad um Fhorbairt Dhomhanda, i Washington, 21 tír shaibhir a rangú maidir le tionchar dearfach foriomlán a bpolasaithe i leith na hAfraice ina 'Innéacs na hAfraice um Thiomantas don Fhorbairt'. Sa bhliain 2008, rangaíodh Éire sa dara háit ar an innéacs, ina raibh an tSualainn sa chéad áit.

Is 'crann seasta i gcur i bhfeidhm níos éifeachtaí an chúnaimh' í Éire, de réir athbhreithniú an ECFE.

Is clár comhardaithe forbartha láidir ceannródaíoch é Cúnamh Éireann, ar a bhfuil meas mór go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

CUR I BHFEIDHM NÍOS ÉIFEACHTAÍ AN CHÚNAIMH

I MÍ MHEÁN FÓMHAIR 2008, BHÍ PETER POWER, AN TAIRE STÁIT D'FHORBAIRT CHOIGRÍCHE, INA CHEANNAIRE AR THOSCAIREACHT ÉIREANNACH CHUIG AN TRÍÚ FÓRAM ARDLEIBHÉIL AR ÉIFEACHTACHT CÚNAIMH A BHÍ AR SIÚL IN ACCRA, GÁNA. BÍ AN FÓRAM INA IMEACHT LEANTACH AR DHEARBHÚ PHÁRAS 2005 UM ÉIFEACHTACHT CÚNAIMH AGUS BHÍ AIRÍ ANN Ó BHREIS IS 100 TÍR CHOMH MAITH LE HIONADAITHE ÓN TSOCHAÍ SHIBHIALTA.

COMHTHÁTHÚ A CHINNTIÚ AR FUD AN RIALTAIS

BUNAÍODH AN COISTE IDIR-RANNACH UM FHORBAIRT IN AIBREÁN 2007 CHUN RANNCHUIDIÚ LE CINNTIÚ GO BHFUIL CUR CHUIGE COMHTHÁITE AG NA RANNA RIALTAIS GO LÉIR I LEITH SAINCHEISTEANNA FORBARTHA AGUS GO BHFUIL CÚNAMH ÉIREANN AG BAINT AN ÚSÁID IS FEARR AS AN SAINEOLAS ATÁ AR FÁIL AR FUD NA SEIRBHÍSE POIBLÍ. BHÍ CEITHRE CHRUINNIÚ AG AN GCOISTE SA BHLIAIN 2008 AGUS CHUIR SÉ A CHÉAD TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FAOI BHRÁID AN AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA I MEITHEAMH, INA RAIBH MOLTAÍ MAIDIR LE COMHTHÁTHÚ NÍOS MÓ MAIDIR LE POLASAÍ A CHUR CHUN CINN SAN ÁIREAMH. TUGADH EOLAS DO CHOMHCHOISTE AN OIREACHTAIS UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DÁ FHOCHOISTE UM FHORBAIRT CHOIGRÍCHE AR OBAIR AN CHOISTE. CHOMH MAITH LEIS SIN REÁCHTÁIL AN COISTE SEIMINEÁIR SPREAGTHA FEASACHTA AR FHORBAIRT I GCÚIG ROINN RIALTAIS SA BHLIAIN 2008.

Aire Stáit Peter Power agus de Karen Jorgensen ón ECFE ag seoladh Bhaile Átha Cliath d'Athbhreithniú Piaraí ar Éire. Grianghraf a bhuíochas le Maxwells.

Measúnú agus Iniúchadh: Ag foghlaim ó thaithí

Ba é cinneadh mheasúnú Thíomóir Thoir go raibh cláir Chúnaimh Éireann ailínithe go maith le tosaíochtaí rialtas Thíomóir agus leis an bPáipéar Bán um Chúnamh Éireann.

Ba é cinneadh Athbhreithniú Piaraí an CFE go 'leanann Cúnamh Éireann, lena n-áirítear an t-iniúchóir inmheánach laistigh de gach ambasáid, dianphróiseas inmheánach maoirseachta agus rialuithe'

Measúnú

Déanann an tAonad Measúnaithe agus Iniúchta measúnaithe atá de phríomhthábhacht straitéiseach do Chúnamh Éireann mar athbhreithnithe ar straitéisí ár dtíortha cláir. Tá siad siúd fíorthábhachtach chun freagracht, foghlaim eagraíochtúil agus cinnteoireacht fasinéisbhunaithe a chinntiú i gCúnamh Éireann. Rinneadh na measúnaithe seo a leanas le linn 2008:

Measúnú ar Thír Chláir Thíomóir Thoir

Tá Éire ag tacú le forbairt i dTíomóir Thoir ó bhaint amach a neamhspleáchais in 2002. Chuimsigh an measúnú seo dhá thimthriall Plean Straitéisigh. Cinneadh go raibh na cláir ailínithe go maith le tosaíochtaí Rialtas Thíomóir Thoir agus leis an bPáipéar Bán um Chúnamh Éireann. D'éirigh leis rialtas áitiúil a thacú agus le cearta daonna agus comhionannas inscne a phríomhshruthú. Ach rinne éagobhsaíocht pholaitiúil agus bás dochar don chur chun cinn maidir le tacaíocht mhaicreacnamaíoch agus bainistíocht na hearnála poiblí

Athbhreithniú ar Chlár Comhshaoil na gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Tacaíonn clár comhshaoil na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha Chúnamh Éireann le sé eagraíocht chomhpháirtíochta agus tá ceithre phríomhchuspóir polasaí aige. Is iad siúd: cur le polasaí forbartha trí fheasacht a spreagadh maidir leis na naisc idir inbhuanaitheacht chomhshaoil agus laghdú bochtaineachta; polasaithe forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú le polasaithe agus cláir Chúnamh Éireann; cuidiú le tíortha i mbéal forbartha ullmhú do chúinsí atá ag athrú agus oiriúnú dóibh, agus gníomh a dhéanamh chun drochéifeachtaí ar bhaill an tsochaí is soghonta a laghdú; agus a bheith páirteach i gcomhaontuithe comhshaoil lárnacha iltaobhacha agus i ngníomhaireachtaí chun tiomantas a léiriú do réiteach fadhbanna comhshaoil domhanda.

Chinn an measúnú go raibh obair chomhpháirtithe an chláir, ar an iomlán, an-ábhartha do chuspóirí Chúnamh Éireann agus i gcomhréir leo maidir le polasaithe laghdaithe bochtaineachta, dea-chleachtas idirnáisiúnta agus cúinsí reatha. Tá comhpháirtithe an chláir éifeachtach i mbaint amach a gcuspóirí den chuid is mó. Tá ról suntasach ag na comhpháirtithe níos mó i bpolasaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta bithéagsúlachta agus caomhnaithe a mhúnlú, agus tríd sin, imríonn siad tionchar ar ghníomhartha a bhfuil éifeacht dhíreach acu ar shlí bheatha na mbocht tuaithe.

Iniúchadh

Tá an tAonad Measúnaithe agus Iniúchta freagrach in iniúchtaí inmheánacha agus tuarascálacha d'Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, atá ina Oifigeach Cuntasaíochta don bhuiséad cúnamh coigríche. Déanann Coiste Iniúchta neamhspleách maoirseacht ar obair an Aonaid chomh maith. Is í feidhm an iniúchta ná tuairisciú go neamhspleách ar ar úsáideadh cistí do na chuspóirí a ceapadh dóibh agus de réir na nósanna imeachta cuí. Díríonn an t-iniúchadh ar réimsí a bhfuil riosca níos suntasaí ag baint leo, agus, maidir leis an gclár cúnaimh, féachann sé d'fhorbairtí le déanaí sa lánchlár cúnaimh. Cuimsíonn obair an Aonaid Mheasúnaithe agus Iniúchta obair iniúchta a dhéanann an t-aonad féin, obair a choimisiúnaíonn Cúnamh Éireann agus a dhéanann gnólachtaí iniúchta atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus obair a dhéanann institiúidí iniúchta náisiúnta i dtíortha cláir.

Tá measúnú leanúnach ar chlár Chúnamh Éireann agus a chuid comhpháirtithe ríthábhachtach chun an clár cúnaimh is éifeachtaí agus is féidir a chinntiú.

Cúnamh Éireann in Éirinn

Bhí níos mó ná 500 bunscoil páirteach i scéim chun feasacht a chur chun cinn ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Mar chuid de chlár díláraithe an Rialtais, d'aistrigh níos mó ná 140 ball foirne Chúnaimh Éireann go ceanncheathrú nua ar Shráid Anraí i Luimneach i Meán Fómhair 2008.

Oideachas Forbartha

Trí thacú le tionscnaimh oideachas forbartha, tá sé d'aidhm ag Cúnamh Éireann a chinntiú go bhfuil an deis ag pobal na hÉireann eolas níos doimhne a bheith acu ar shaincheisteanna forbartha agus ceartais dhomhanda, ról an rialtais agus na sochaí sibhialta agus a bheith níos rannpháirtí i gclár Chúnamh Éireann. Tá caiteachas faoi threoir straitéis chúig bliana, "Promoting Public Engagement for Development (2007-2011) / Páirtíocht an Phobail a Chur chun Cinn d'Fhorbairt (2007-2011)". Ba é an caiteachas iomlán ar oideachas forbartha in 2008 níos mó ná €5.6 million. Cuireadh é seo i bhfeidhm trí scéim mhaoinithe oideachas forbartha agus trí roinnt comhpháirtíochtaí agus duaiseanna ilbhliantúla.

- I measc bhuaicphointí ghníomhaíocht oideachas forbartha Chúnamh Éireann sa bhliain 2008 bhí:Deontais de níos mó ná €2.8 milliún d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí oideachais agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile faoin scéim mhaoinithe oideachais.

- Tacaíocht do chomhpháirtíochtaí sna réimsí obair don aos óg agus oideachas do mhúinteoirí bunscoile. Ó 2008, déanann gach múinteoir bunscoile faoi oiliúint modúil oideachas forbartha mar chuid dá n-oiliúint.

- Dámhadh maoiniú ar 57 scoil faoi Scéim WorldWise Nascála agus Tumoideachais Chúnamh Éireann do scoileanna.

- Bhí níos mó ná 500 bunscoil páirteach sa scéim duaiseanna 'Ár nDomhan' de chuid Chúnamh Éireann chun feasacht a spreagadh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise

An tAire Gnóthaí Eachtracha Mícheál Ó Máirtín agus baill Chumann Ugandach na hÉireann ag seoladh Lá na hAfraice 2008. Creidiúintí Maxwells

GRÚPA COMHAIRLEACH UM OIDEACHAS FORBARTHA

TUGANN AN GRÚPA COMHAIRLEACH UM OIDEACHAS FORBARTHA (GCOF) COMHAIRLE DON AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS AN TAIRE STÁIT D'FHORBAIRT CHOIGRÍCHE MAIDIR LE POLASAÍ OIDEACHAS FORBARTHA. D'OSCAIL AN TAIRE STÁIT POWER FÓRAM BLIANTÚIL GCOF, 'DRIVING DEVELOPMENT EDUCATION', I MÍ NA SAMHNA 2008. BHÍ TINREAMH MÓR D'IONADAITHE ENR I LÁTHAIR AG AN BHFÓRAM AGUS THUG AN DR. MAURICE MANNING, UACHTARÁN CHOIMISIÚN NA HÉIREANN UM CHEARTA DAONNA, AGUS AN DR. PEADAR CREMIN, CATHAOIRLEACH AN GCOF PRÍOMHÓRAIDÍ.

Ciste Dúshlán na Meán Simon Cumbers

Cuireann Ciste Simon Cumbers Media Challenge tuairisciú meáin na hÉireann níos mó agus níos fearr ar shaincheisteanna forbartha chun cinn trí sholáthar deontas i gcomhar na gcostas a bhaineann le scéalta forbartha a thuairisciú. Bhunaigh Cúnamh Éireann an Ciste in 2005 i gcuimhne an iriseora agus ceamaradóra, Simon Cumbers, nach maireann.

Sholáthair Cúnamh Éireann €233,810 don Chiste in 2008. Thacaigh sé seo le 38 alt faoi fhorbairt choigríche agus síolmhaoiniú do 11 thionscadal teilifíse a bhain leis an bhforbairt.

Tacaíocht Chúnamh Éireann do Lá na hAfraice

Rinneadh gealltanas sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann go dtacódh an Roinn Gnóthaí Eachtracha le himeachtaí in Éirinn a chuireann tuiscint níos cuimsithí ar an Afraic chun cinn, imeachtaí chun Lá na hAfraice a chomharthú ach go háirithe. Is é Lá na hAfraice an comóradh bliantúil ar 25 Bealtaine do bhunú na hEagraíochta um Aontas na hAfraice i 1963, ar tháinig Aontas Afraice i gcomharba uirthi.

Thacaigh Cúnamh Éireann le himeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na hAfraice 2008 a d'áirigh lá don teaghlach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus réimse leathan d'imeachtaí arna eagrú ag grúpaí pobail, cultúir agus acadúla ar fud an oileáin. Meastar gur fhreastail 30,000 duine ar imeachtaí Lá na hAfraice a eagraíocht sa bhliain 2008.

IONAD CHÚNAMH ÉIREANN UM EOLAS AGUS OBAIR DHEONACH

OSCLAÍODH IONAD EOLAIS AGUS SAORÁLAÍOCHTAIS CHÚNAMH ÉIREANN AR SHRÁID UÍ CHONAILL I MBAILE ÁTHA CLIATH DON PHOBAL IN EANÁIR 2008. CUIREANN AN TIONAD EOLAS AR FÁIL AR SHAINCHEISTEANNA FORBARTHA DOMHANDA AGUS OBAIR CHLÁR CHÚNAMH ÉIREANN AGUS IS TÚSPHOINTE TEAGMHÁLA É DÓIBH SIÚD A BHFUIL SPÉIS ACU IN OBAIR DHEONACH IDIRNÁISIÚNTA.

CHUIR NÍOS MÓ NÁ 14,000 DUINE CUAIRT AR AN IONAD SA CHÉAD BHLIAIN. INA MEASC BHÍ DAOINE A D'FHREASTAIL AR IMEACHTAÍ POIBLÍ, MIC LÉINN A BHÍ PÁIRTEACH I GCLÁR OIDEACHAIS AN IONAID AGUS CUAIRTEOIRÍ GINEARÁLTA A BHÍ SPÉIS ACU I BHFORBAIRT AGUS IN OBAIR DHEONACH.

TÁ CÁIL BAINTE AMACH CHEANA FÉIN AG AN IONAD MAR IONAD TÁBHACHTACH D'IMEACHTAÍ A BHAINEANN LE FORBAIRT; REÁCHTÁLADH 179 IMEACHT SAN IONAD FÉIN SA BHLIAIN 2008. INA MEASC BHÍ COMHDHÁLACHA, SEIMINEÁIR, CEARDLANNA, TRÁTHNÓNTA EOLAIS, GEARRCHÚRSAÍ, SCANNÁIN A CHUR AR SCÁILEÁN AGUS SEOLTAÍ. ÓSTÁLADH OCHT DÉAG DE THAISPEÁNTAIS LE LINN NA BLIANA AR ÁBHAIR MAR CÓIR-THRÁDÁIL, ÉIFEACHTACHT CHÚNAIMH, MÍCHUMAS I DTÍORTHA I MBÉAL FORBARTHA AGUS AN FEACHTAS IN AGHAIDH CNUAS-MHUINISEAN.

Ag cinntiú go bhfuil muintir na hÉireann ar an eolas faoi shaincheisteanna forbartha agus domhanda.

Mic Léinn ó Choláiste Pobail Uí Lorcáin ar cuairt ar Ionad Chúnamh Éireann um Eolas agus Obair Dheonach. Grianghraf a bhuíochas le Maxwells.

Ról lárnach do thaighde agus ardoideachas i bhforbairt

Ghlac níos mó ná 500 bunscoil páirt i scéim chun feasacht a chur chun cinn i ndáil le Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Clár Comhoibrithe Straitéisigh le hInstitiúidí Ardoideachais agus Taighde

Déanann an Clár Comhoibrithe Straitéisigh le hInstitiúidí Ardoideachais agus Taighde in Éirinn naisc agus comhoibriú níos mó chun cinn idir institiúidí ardoideachais agus taighde na hÉireann agus na tíortha sin a bhfuil Cúnamh Éireann ag tacú leo. Cé gurb é méadú acmhainn institiúidí an Deiscirt chun cuidiú go héifeachtach le laghdú bochtaineachta atá i gcuspóir foriomlán an chláir, díríonn an clár go mór ina thúschéim ar fhorbairt acmhainní in earnáil ardoideachais agus taighde na hÉireann. Tá an clár ailínithe go dlúth le tosaíochtaí téamacha clár Chúnamh Éireann, mar a leagadh amach iad sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann.

Ba é €3.6 milliún an caiteachas ar an gclár sa bhliain 2008 a bhí comhdhéanta de thrí lándeontas agus cúig deontas líonraithe a dámhadh sa dara babhta maoinithe i Meitheamh 2008. Lean siad siúd na deontais de €7.3 milliún a dámhadh sa chéad babhta maoinithe i Meitheamh 2007 ar sheacht n-institiúid ardoideachais.

Clár Comhaltachta Oiliúna: Deis shainiúil

THUG AN CLÁR OIDEACHAIS COMHALTACHTA MAOINIÚ DO 148 MAC LÉINN Ó THÍORTHA I MBÉAL FORBARTHA CHUN GABHÁIL LE STAIDÉAR IARCHÉIME IN ÉIRINN, NÓ INA RÉIGIÚN FÉIN, IN 2008. TÁ SÉ D'AIDHM AG AN GCLÁR €2.8 MILLIÚN SEO ACMHAINN NA N-EAGRAÍOCHTAÍ RIALTASACHA AGUS NEAMH-RIALTASACHA A FHORBAIRT I DTÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA CHÚNAMH ÉIREANN SAN AFRAIC AGUS SAN ÁIS. BÍONN AR FHAIGHTEOIRÍ NA COMHALTACHTA FILLEADH ABHAILE NUAIR ATÁ A GCUID STAIDÉIR CURTHA I GCRÍCH ACU, CHUN CUR LEIS AN BHFORBAIRT. FUAIR AN CHOMHAIRLE DO MHIC LÉINN IDIRNÁISIÚNTA IN ÉIRINN NÍOS MÓ NÁ €400,000 SA BHLIAIN 2008 CHUN SOLÁTHAR NA SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA ÁIRITHE DO MHIC LÉINN NA COMHALTACHTA A MHAOINIÚ. TAIRGEANN IONAD CHAMINSE AN LÉINN FORBARTHA, LE TACAÍOCHT CHÚNAMH ÉIREANN ROINNT CLÁR LÉINN FORBARTHA.

"Bhí a fhios agam go soiléir céard a bhí uaim," arsa Martin Orem.

B'oibrí forbartha le Oxfam é Orem in Karamoja, in oirthuaisceart Uganda, ag obair le pobail thréadacha.

De bharr riachtanas na dtréadaithe ascnamh lena mbeostoc ar tóir uisce agus féaraigh úir bhí sé deacair teacht orthu go minic, agus bhí ar Orem níos mó ná 100 ciliméadar a thiomáint go rialta sa tóir orthu chuig a dtailte féaraigh. Agus, i réimse ina bhfuil ganntanas acmhainní, d'eascair "coinbhleachtaí acmhainní" go minic as an teannas ó úsáid talamh agus uisce na dtréadaithe, go minic de réir eitneachais.

Cé gur fhás Orem aníos i réigiún eile faoi scáth na coinbhleachta i dTuaisceart Uganda agus go raibh BA sa Léinn Forbartha aige ó phríomhollscoil Uganda, mheas sé gur chóir dó níos mó staidéar a dhéanamh. Chuala sé faoi chlár oiliúna comhaltachta Chúnamh Éireann agus rinne sé taighde ar chúrsaí ábhartha.

D'aimsigh sé an rud beacht a bhí uaidh i Máistreacht sa Léann Síochána agus Forbartha in Ollscoil Luimnigh: cúrsa a thabharfadh scileanna don obair forbartha i dtimpeallachtaí coinbhleachta agus iarchoinbhleachta.

Ba dhuine amháin de na 57 mac léinn a fuair comhaltacht Chúnamh Éireann sa bhliain 2008 é Martin Orem. Chuir a staidéar in Ollscoil Luimnigh ar a chumas dó dul i ngleic níos fearr le dúshláin chasta na síochána agus na forbartha i dTuaisceart Uganda.

"Cuireadh feabhas ar mo chuid anailíse. Tá feabhas ar mo dheastuiscint agus mé ag déileáil le ceisteanna coinbhleachta."

Thug an clár máistreachta múinte deis d'Orem a staidéar a chomhdhlúthú isteach in aon bhliain amháin agus, nuair a bhí a obair chúrsa i gcríoch, d'fhill sé ar Uganda chun taighde a dhéanamh dá thráchtas ar rannpháirtíocht na mban i gclárcheapadh próiseas síochána Thuaisceart Uganda.

Tá súil aige go mbeidh sé i gcumas, de bharr na comhaltachta, ról níos mó a ghlacadh in atógáil Thuaisceart Uganda.

"Ba dheis shainiúil an ceann a fuair mé," a deir sé. "Thug sí an chaoi dom breathnú ar chúrsaí ó thaithí níos fairsinge, agus ní amháin ón taobh istigh den timpeallacht ina raibh mé ag obair.

"Tá m'anailís níos fearr. Tá feabhas ar mo dheastuiscint agus mé ag deileáil le ceisteanna coinbhleachta. Tá i bhfad níos mó muiníne agam ionam féin.

"Tá dul chun cinn mór déanta á dhéanamh ag Uganda ó thaobh na forbartha sóisialta, agus tá éileamh ann ar chleachtóirí forbartha cáilithe." Filleann Martin Orem abhaile, é níos cáilithe ná a bhí, chun a ról a ghlacadh. Fágann sé roinn ollscoile ina dhiaidh atá níos fearr de bharr a rannpháirtíochta. De réir a ollaimh i Luimneach, Tom Lodge, chuidigh an taithí ar an láthair atá ag Orem saincheisteanna forbartha agus réitigh choinbhleachta a shoiléiriú dá chomh-mhic léinn.

Mac léinn comhaltachta Martin Orem ag fáiltiú chun bualadh leis Uachtarán Mhic Ghiolla Íosa, grianghraf a bhuíochas le ICOS

Iarscríbhinní

1 Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann 54

2 Fás ar COF: 2000 - 2008 55

3 COF mar % den ON 2000 - 2008 56

4 Anailís ar COF Déthaobhach 57

5 Anailís ar COF Déthaobhach de réir Earnála 58

6 Anailís ar COF Déthaobhach de réir Earnála 59

7 Anailís ar COF Déthaobhach de réir Meán Seachadta 59

8 Anailís ar COF Déthaobhach de réir na Tíre a Fuair é 60

9 Achoimre ar Chaiteachas Clárthíortha de réir Earnála 61

10 Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh 62

11 - Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh - Anailís Gheografach 63

12 Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh de réir Meán Seachadta 63

13 Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta de réir na Tíre a Fuair an Maoiniú 64

14 Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta Anailís Gheografach 65

15 Anailís ar Scéimeanna na Sochaí Sibhialta de réir Earnála 65

16 Anailís ar COF Iltaobhach 66

17 Baill an Tascfhórsa Ocrais 68

Iarscríbhinn 1

		€ Milliúin 2008	€ Milliúin 2007
COF Iomlán			
An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Vóta 29		768.737	725.753
Ranna Rialtais Eile & Ranníocaíochtaí chuig Buiséad um Chomhar Forbartha an AE		151.926	145.117
COF Iomlán		920.663	870.870
Ollioncam Náisiúnta (ON)		155,909	162,453
COF mar % den ON		0.59%	0.54%
An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Vóta 29 COF mar % den COF Iomlán		83.50%	83.34%
Ranna Rialtais Eile & Ranníocaíochtaí chuig Buiséad um Chomhar Forbartha an AE mar % den COF Iomlán		16.50%	16.66%
Anailís Dhéthaobhach/Iltaobhach			
COF Déthaobhach			
An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Vóta 29	Iarscríbhinn 3	641.605	597.159
Ranna Rialtais Eile & Ranníocaíochtaí chuig Buiséad um Chomhar Forbartha an AE	Iarscríbhinn 3	8.346	8.875
COF Déthaobhach Iomlán na hÉireann	Iarscríbhinn 3	649.951	606.034
COF Iltaobhach			
An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Vóta 29	Iarscríbhinn 13	127.132	128.594
Ranna Rialtais Eile & Ranníocaíochtaí chuig Buiséad um Chomhar Forbartha an AE	Iarscríbhinn 13	143.580	136.242
COF Iltaobhach Iomlán na hÉireann	Iarscríbhinn 13	270.712	264.836
COF Iomlán		920.663	870.87
COF Déthaobhach mar % den Iomlán		71%	70%
COF Iltaobhach mar % den Iomlán A22		29%	30%

Iarscríbhinn 2

Bliain	COF
2000	254.86
2001	319.90
2002	422.06
2003	445.71
2004	488.92
2005	578.46
2006	813.96
2007	870.87
2008	920.66



Iarscríbhinn 3

COF mar % den ON - 2000 - 2008

	COF mar % den ON
2000	0.30%
2001	0.33%
2002	0.41%
2003	0.40%
2004	0.40%
2005	0.43%
2006	0.54%
2007	0.54%
2008	0.59%



	2008 €000's	2007 000's
COF Déthaobhach : An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Vóta 29		
Riarachán	35,083	30,059
Clárthíortha		
An Aetóip	36,058	32,088
Leosóta	9,167	9,049
Mósaimbíc	34,244	30,980
An Tansáin	37,995	32,280
An TíomórThoir	5,003	4,260
An Mhaláiv	9,800	-
Uganda	41,666	35,501
An tSaimbia	23,946	21,454
Vítneam	20,717	19,342
Tíortha Eile		
An tSiombáib	2,913	1,534
An Afraic Theas	11,361	5,160
Siarra Leon & An Libéir	14,700	13,018
Tíortha Eile	9,195	9,640
An tSochaí Shibhialta	137,337	117,609
Cláir a Bhaineann le hOibrithe Deonacha	1,853	5,452
Tionscnaimh Oideachais Dhomhanda	9,002	11,500
Tionscnaimh Sláinte Dhomhanda	15,642	19,033
Tionscnaimh VEID agus SEIF	42,948	54,949
Clár Trasearnála Eile	9,843	4,267
Comhar le hInstitiúidí Tríú Leibhéal	3,643	2,303
Oideachas Forbartha	5,719	5,417
Comhaltachtaí/Cúrsaí srl.	3,038	3,281
Eolas	2,281	1,791
Cláir Eile	1,164	1,872
Tionscnamh Mearfhreagaretha	4,500	5,027
Cúnamh Téarnaimh	16,962	25,843
Ciste Cobhsaíochta	8,825	4,450
Cúnamh Éigeandála Daonnúil	87,000	90,000
COF Iomlán Déthaobhach: An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Cúnamh Éireann	641,605	597,159
COF Déthaobhach ó Ranna Rialtais Eile		
An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí : Íocaíochtaí i ndáil le teifigh (i dtír dheontóra)	796	350
An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia: CDB - Achainí ó Thíortha	2,000	2,000
Ioncam Scéim In-aisbhainteachta Cánach	5,550	6,525
Iomlán an COF ó Ranna Rialtais Eile	8,346	8,875
COF Iomlán na hÉireann A22	649,951	606,034

Iarscríbhinn 5

Earnáil	€ 000s	2008 mar % den COF Déthaobhach Iomlán	€000s	2007 mar % den COF Déthaobhach Iomlán
Éigeandáil	103,740	16.0%	95,293	15.6%
Sláinte	86,013	13.2%	82,003	13.5%
Rialachas agus an tSochaí Shibhialta	97,607	15.0%	79,653	13.1%
Oideachas	83,407	12.8%	72,863	12.0%
VEID agus SEIF	52,180	8.0%	58,736	9.7%
Cúnamh Téarnaimh	13,985	2.2%	44,708	7.4%
Tacaíocht Ilearnálach agus Tacaíocht eile Leasa Shóisialaigh	24,315	3.7%	32,300	5.3%
Bainistiú agus Riarachán na gClár	35,051	5.4%	30,059	5.0%
Talmhaíocht	38,773	6.0%	25,994	4.3%
Tacaíocht Ghinearálta Buiséid	24,265	3.7%	20,993	3.5%
Uisce & Sláintíocht	19,703	3.0%	16,723	2.8%
Feasacht Forbartha	14,207	2.2%	13,244	2.2%
Leas Sóisialach agus Cúnamh Forbartha Bia	28,097	4.3%	12,103	2.0%
Earnálacha Eile	11,310	1.7%	10,781	1.8%
Inscne	6,890	1.1%	5,843	1.0%
Iompar agus Bóithre Tuaithe	3,892	0.6%	2,524	0.4%
Ullmhacht agus Cosc Tubaistí	6,516	1.1%	2,214	0.4%
Iomlán	649,951	100.0%	606,034	100%

Iarscríbhinn 6

Anailís ar COF Déthaobhach de réir Earnála



	Earnáil	€000	mar % den COF Déthaobhach Iomlán
	Éigeandáil, Téarnamh agus Ullmhacht Tubaistí	124,240	19.1%
	Sláinte, VEID agus SEIF	138,193	21.4%
	Rialachas agus an tSochaí Shibhialta	97,607	15.0%
	Oideachas	83,407	12.8%
	Forbairt Ilearnálach agus Tuaithe	28,207	4.3%
	Bainistiú agus Riarachán na gClár	35,051	5.4%
	Talmhaíocht	38,773	6.0%
	Tacaíocht Ghinearálta Buiséid	24,265	3.7%
	Uisce & Sláintíocht	19,703	3.0%
	Bonneagar Sóisialta agus Cúnamh Forbartha Bia	28,097	4.3%
	Earnálacha Eile	32,408	5.0%
	Total	**649,951**	**100.0%**

Iarscríbhinn 7

Anailís ar COF Déthaobhach de réir Meán Seachadta



		€000	mar % den Iomlán
	Eagraíochtaí Iltaobhacha	152,163	23%
	EN Éireannacha	153,763	24%
	EN Eile agus an tSochaí Shibhialta	82,672	13%
	Córais Rialtais	180,628	28%
	Eile	80,725	12%
	Iomlán	**649,951**	**100%**

Iarscríbhinn 8

Anailís ar COF Déthaobhach de réir na Tíre a Fuair é

	Riarachán €'000	Cúnamh Cláir na Tíre €000	Éigeandáil & Téarnamh €000	Tacaíocht trí Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta €000	Réimsí Cláir Eile €000	COF Déthaobhach Iomlán €000
Uganda	2,683	41,666	2,092	8,081	414	54,937
Mósaimbíc	2,375	34,251	80	2,487	11,982	51,176
An Aetóip	1,825	36,058	3,849	8,083	15	49,831
An Tansáin	2,065	37,981	350	2,854	438	43,688
An tSaimbia	2,023	23,946	-	4,114	12	30,095
Vítneam	966	19,008	-	59	4	20,037
An Afraic Theas	931	11,361	-	1,978	5,580	19,850
An tSúdáin	-	-	10,096	6,647	-	16,743
An Mhaláiv	1,158	9,800	372	3,992	2	15,325
Leosóta	1,195	9,167	-	100	4,036	14,498
An Chéinia	3	-	2,462	10,025	-	12,491
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	-	-	8,544	3,509	-	12,053
Siarra Leon	342	-	7,385	3,656	1	11,384
An tSiombáib	119	-	4,577	2,862	2,913	10,471
An Libéir	-	-	7,615	1,357	-	8,972
An Tíomór Thoir	397	5,003	1,173	909	13	7,495
An tSomáil	-	-	6,124	960	-	7,084
Críocha na Palaistíne faoi Fhorghabháil/ Riaracháin Riartha na Palaistíne	-	-	3,925	710	-	4,635
Sead	-	-	4,470	-	-	4,470
An Afganastáin	-	-	2,398	1,976	-	4,374
An India	9	-	285	4,076	-	4,370
Poblacht na hAfraice Láir	-	-	3,500	-	-	3,500
Burma / Maenmar	-	-	1,326	1,992	-	3,318
Hondúras	-	-	300	2,626	-	2,926
An Chambóid	-	-	-	2,035	704	2,739
Angóla	-	-	725	1,669	-	2,394
An Nigéir	78	-	-	2,183	2	2,263
An Bhanglaidéis	-	-	-	2,211	2	2,213
Háití	-	-	750	1,450	-	2,200
An Iaráic	-	-	2,141	-	-	2,141
Niger	-	-	350	1,734	-	2,084
Nicearagua	-	-	-	2,003	-	2,003
An tSalvadóir	-	-	-	1,993	-	1,993
An Phacastáin	-	-	-	1,868	2	1,870
Ruanda	-	-	-	1,769	37	1,806
Laos	-	-	-	687	1,002	1,689
An Cholóim	-	-	-	1,496	-	1,496
An Bhrasaíl	-	-	-	1,401	-	1,401
An tSín	-	-	1,000	269	-	1,269
Neipeal	-	-	105	1,113	1	1,219
An tSeoirsia	-	-	501	-	655	1,156
Guatamala	-	-	-	1,148	-	1,148
An Afraic Fho-Shahárach - Réigiúnach	-	-	12,914	-	2,526	15,440
An Meánoirthear - Réigiúnach	-	-	700	-	-	700
Oirdheisceart na hÁise - Réigiúnach	-	-	1,400	-	-	1,400
Oirdheisceart na hEorpa - Réigiúnach	-	-	-	-	1,835	1,835
Tíortha Eile	-	-	2,014	8,781	3,551	14,346
Nach mBaineann le Tír ar Leith	18,914	-	43,514	30,688	76,309	169,424
Iomlán	35,083	228,241	137,038	137,552	112,037	649,951

Iarscríbhinn 9

Achoimre ar Chaiteachas Clárthíortha de réir Earnála

Earnáil	An Aetóip €'000	Mósaimbíc €'000	Uganda €'000	An Tansáin €'000	An tSaimbia €'000	Leosóta €'000	An Mhaláiv €'000	Vítneam €'000	An Tíomór Thoir €'000	Iomlán €'000
Tacaíocht don Earnáil Talmhaíochta	-	2,568	1,500	5,129	-	-	3,890	1,500	-	14,587
Tacaíocht don Earnáil Sláinte	302	5,697	3,651	9,961	-	1,100	1,439	528	-	22,678
Oideachas	164	7,610	18,771	-	14,871	2,299	325	-	-	44,040
Tacaíocht don Earnáil Rialachais	1,202	3,335	8,875	6,877	2,441	1,810	3,409	5,785	4,338	38,071
Tacaíocht don Earnáil VEID agus SEIF	2,300	1,980	5,367	1,184	4,200	1,167	-	-	-	16,198
Tacaíocht don Earnáil Uisce agus Sláinteachais	-	1,040	2,002	-	1,930	2,600	-	-	-	7,572
Tacaíocht Ghinearálta Buiséid	-	10,363	-	13,843	-	-	-	-	-	24,206
Tacaíocht Ilearnálach/Tacaíocht Tuaithe	15,439	839	1,250	-	-	-	-	5,250	-	22,778
Bonneagar Sóisialta agus Seirbhísí	11,341	-	-	819	464	-	-	1,954	-	14,578
Freagairt Éigeandála & Ullmhacht do Thubaistí	5,158	-	-	-	-	-	621	-	-	5,779
Forbairt na hEarnála Príobháidí agus Eacnamaíochta	-	550	-	-	-	-	-	3,407	124	4,081
Tacaíocht Earnála Eile	152	262	250	181	40	191	116	2,293	541	4,027
Caiteachais Cláir Iomlán sna Tíortha	**36,058**	**34,244**	**41,666**	**37,994**	**23,946**	**9,167**	**9,800**	**20,717**	**5,003**	**218,594**
Costais Riaracháin na gClár	1,677	2,249	2,474	1,831	1,960	1,089	1,089	966	397	13,732
Caiteachas Iomlán Clárthíortha	**37,735**	**36,493**	**44,140**	**39,825**	**25,906**	**10,256**	**10,889**	**21,683**	**5,400**	**232,326**

Iarscríbhinn 10

Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh De réir na Tíre a Fuair an Maoiniú

	€000	mar % den Iomlán I
An tSúdáin	10,096	9%
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	8,544	7%
An tSomáill	6,124	5%
An tSiombáib	4,577	4%
Sead	4,470	4%
An Aetóip	3,849	3%
Poblacht na hAfraice Láir	3,500	3%
An Chéinia	2,462	2%
An Afganastáin	2,398	2%
An Iaráic	2,141	2%
Uganda	2,092	2%
Oirdheisceart na hÁise - Réigiúnach	1,400	1%
Burma / Myanmar	1,288	1%
An Tíomór Thoir	1,173	1%
Tíortha Eile	8,795	7%
Cistí Coiteanna Daonnúla agus Comhthiomsaithe	43,514	36%
An Afraic Fho-Shahárach - Réigiúnach	12,914	11%
Iomlán	119,337	**100%**

Iarscríbhinn 11

Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh Anailís Gheografach



	€000	mar% den Iomlán
An Afraic	60,713	51%
An Áise	11,257	9%
Meiriceá Láir	1,100	1%
An Meánoirthear	2,452	2%
Cistí Comhchoiteanna Daonnúla agus Comhthiomsaithe	43,815	37%
Iomlán	**119,337**	**100%**

Iarscríbhinn 12

Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh - de réir Meán Seachadta

	€000	mar % den Iomlán
Gníomhaireachtaí na NA	36,924	31%
Ciste Lárnach Freagartha Éigeandála	22,600	19%
Cistí Comhchoiteanna Daonnúla	11,750	10%
An Chros Dhearg Idirnáisiúnta	15,709	13%
EN eile	17,561	15%
EN Idirnáisiúnta	10,978	9%
Eile	3,815	3%
Iomlán	**119,337**	**100%**

	€'000
An Chéinia	11,443
Uganda	9,213
An Aetóip	8,632
An tSúdáin	6,647
An Afraic Theas	4,821
An Mhaláiv	4,578
An tSaimbia	4,114
An India	4,076
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	3,822
Siarra Leon	3,811
An Tansáin	3,557
Hondúras	3,218
An tSiombáib	2,965
An Mhósaimbíc	2,744
Ruanda	2,274
Nicearagua	2,241
An Bhanglaidéis	2,211
An Nigéir	2,183
An tSalvadóir	2,146
An Chambóid	2,104
An Afganastáin	1,976
Burma / Maenmar	1,958
An Phacastáin	1,868
Niger	1,741
Guatamala	1,723
Neipeal	1,531
An Cholóim	1,496
Háití	1,450
An Bhrasaíl	1,401
An Libéir	1,357
An tSomáil	1,062
An Bhurúin	1,033
Angóla	930
An Tíomór Thoir	909
Peiriú	843
An Bholaiv	836
An Eiritré	763
Laos	687
Limistéir Riartha na Palaistíne	646
Gána	641
Na hOileáin Fhilipíneacha	515
Camarún	490
Vítneam	425
Máilí	309
Buircíne Fasó	284
Leosóta	100
Tíortha Eile	6,244
Nach mBaineann le Tír ar Leith	17,534
Iomlán	**137,552**

Iarscríbhinn 14



Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta
Anailís Gheografach

	€ 000's	mar % den Iomlán
An Afraic	82,543	60%
An Áise	19,444	14%
Meiriceá Láir	16,667	12%
An Meánoirthear	1,100	1%
Nach mBaineann le Réigiún ar Leith	17,798	13%
Iomlán	**137,551**	**100%**

Iarscríbhinn 15



Anailís ar Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta de réir Earnála

	€000	mar % den Iomlán
Bainistiú agus Tacaíocht Tionscadal	6,521	4.7%
Tacaíocht don Earnáil Talmhaíochta	20,546	14.9%
Tacaíocht don Earnáil Sláinte	19,239	14.1%
Tacaíocht don Earnáil VEID & SEIF	10,738	7.8%
Tacaíocht don Earnáil Oideachais	20,899	15.2%
Tacaíocht don Earnáil Rialachais	39,705	28.9%
Tacaíocht don Earnáil Uisce & Sláintíochta	4,612	3.4%
Tacaíocht Ilearnálach & Tuaithe	1,985	1.4%
Bonneagar Sóisialta agus Seirbhísí Leasa	3,737	2.7%
Freagairt Éigeandála, Téarnaimh, Ullmhacht le haghaidh Tubaistí	3,357	2.4%
Feasacht Forbartha	644	0.5%
Tacaíocht Earnála Eile	5,569	4.0%
Total	**137,552**	**100%**

	Foinse an COF Déthaobhach	Vóta 29 €000	COF Eile €000	Iomlán €000
Comhphobal Eorpach				
Buiséad an AE (Comhar Forbartha)	Coimisiún an AE		85,295	85,295
Ciste Forbartha Eorpach	Irish Aid	21,972		21,972
Fo-iomlán Eorpach		**21,972**	**85,295**	**107,267**
An Banc Domhanda, na Náisiúin Aontaithe & Institiúidí Iltaobhacha Eile				
CDB - Coinbhinsiún um Chúnamh Bia	An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia		1,524	1,524
An Clár Domhanda Bia - Clár JPO	An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia		200	200
Cumann Idirnáisiúnta Forbartha (CIF)	An Roinn Airgeadais		24,233	24,233
Ciste Iontabhais IDA - HIPC	An Roinn Airgeadais		6,410	6,410
IMF - PRGF	An Roinn Airgeadais		100	100
Banc Forbartha na hÁise	An Roinn Airgeadais		7,402	7,402
Cómhaoiniú le Grúpa an Bhainc Dhomhanda	Vóta 29	2,060		2,060
ECDPM	Vóta 29	350		350
An Eagraíocht Dhomhanda Trádála	Vóta 29	1,720		1,720
An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta	Vóta 29	2,000		2,000
Rannóg na Náisiún Aontaithe um Oibríochtaí Síochánaíochta	Vóta 29		1,522	1,522
Saoráid Dhomhanda Chomshaoil	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil		1,363	1,363
Creat-Chomhaontú na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil		2,253	2,253
ECDF	Vóta 29	691		691
Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile	Vóta 29	1,760		1,760
Fo-iomlán - Banc Domhanda, Náisiúin Aontaithe agus Institiúidí Iltaobhacha Eile		**8,581**	**45,007**	**53,588**

Iarscríbhinn 16 (continued)

Anailís ar COF Iltaobhach

	Foinse an COF Déthaobhach	Vóta 29 €000	COF Eile €000	Iomlán €000
Ranníocaíochtaí Deonacha le Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe				
CDB - Coinbhinsiún um Chúnamh Deonach Bia	An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia		8,436	8,436
Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta	An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia		1,330	1,330
EBT - Comh-Oifigeach Gairmiúil	An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia		91	91
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA) - Lárnach	Vóta 29	22,500		22,500
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA) - Eile	Vóta 29	2,572		2,572
Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (CÉINAL) - Lárnach	Vóta 29	16,600		16,600
Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (CÉINAL) - Clár	Vóta 29	500		500
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Theifigh (ACNAT)	Vóta 29	14,360		14,360
An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) - Lárnach	Vóta 29	3,900		3,900
Ciste na Náisiún Aontaithe ar Mhaithe leis an bPobal	Vóta 29	5,500		5,500
Oibrithe Deonacha na Náisiún Aontaithe	Vóta 29	650		650
Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Chearta Daonna	Vóta 29	4,000		4,000
Comhchlár na Náisiún Aontaithe ar VEID/SEIF - UNAIDS	Vóta 29	6,000		6,000
UNRWA (Tacaíocht do Theifigh Phalaistíneacha sa Neasoirthear)	Vóta 29	3,800		3,800
Cláir Forbartha/Comhshaoil na NA	Vóta 29	1,194		1,194
Ciste na Náisiún Aontaithe d'Fhorbairt na mBan	Vóta 29	600		600
Ciste Iontaobhais Ginearálta na Náisiún Aontaithe	Vóta 29	160		160
Rialú Idirnáisiúnta Drugaí na Náisiún Aontaithe	Vóta 29	1,000		1,000
Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla	Vóta 29	1,500		1,500
Íocaíochtaí Eile	Vóta 29	4,013		4,013
Fo-iomlán - Ranníocaíochtaí Deonacha le Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe		88,849	9,857	98,706
Cómhaoiniú le Gníomhaireachtaí Iltaobhacha	Vóta 29	7,730		7,730
Caiteachas Ilgnéitheach Vótáilte - Ranníocaíochtaí NA	Rannóga Éagsúla Eile	-	3,421	3,421
ILTAOBHACH IOMLÁN A23		127,132	143,580	270,712

Nancy Aburi	Speisialtóir sa Chumarsáid Forbartha, Nairobi, an Chéinia
An Dr. Pamela Anderson	Ardstiúrthóir, International Potato Centre, Lima, Peiriú
Tom Arnold	Ardstiúrthóir, Concern
Bono	Ceoltóir, gníomhaíoch agus comhbhunaitheoir ONE agus (RED)
Kevin Farrel	Iarstiúrthóir Tíre agus Ionadaí, Clár Domhanda Bia na Siombáibe agus Clár Domhanda Bia na Somáile
An tOll. Michael Gibney	Coláiste na hEolaíochtaí Beatha, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
An tOll. Lawrence Haddad	Stiúrthóir, UK Institute of Development Studies
Justin Kilcullen	Stiúrthóir, Trócaire
An tOll. Dennis Lucey	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Cathaoirleach Gorta
Aidan O'Driscoll	Ardrúnaí Cúnta, An Roinn Talmhaíochta
An tOll. Jeffrey Sachs	Stiúrthóir, Earth Institute, Columbia University agus Comhairleoir Speisialta le hArdrúnaí na Náisiún Aontaithe
Josette Sheeran	Stiúrthóir Feidhmeannach, An Clár Domhanda Bia
Sheila Sisulu	Leas-Stiúrthóir Feidhmeannach, An Clár Domhanda Bia
Joe Walsh	CHAIR, agus Iar-Aire Talmhaíochta agus Bia, Rialtas na hÉireann
Brendan Mc Mahon	Stiúrthóir, Rannán Géarchéime & Téarnaimh, Cúnamh Éireann agus Rúnaí an Tascfhórsa

Clóite ar pháipéar ó fhoinsí meascthа, arna dheimhniú ag FSC.

Cúnamh Éireann
Cúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Ionad Saorálaíochta agus
Eolais Cúnamh Éireann
27-31 Sráid Uí Chonaill Uacht.
Baile Átha Cliath 1

Cúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Teach Riverstone
23-27 Sráid Anraí
Luimneach

t: +353 1 408 2000
irishaid@dfa.ie
www.irishaid.gov.ie